Business Statistics - Trade Marks


National Trade Mark applications by country of first applicant.




National Trade Mark applications by county in 2013

Year ended	National Applications				International Registrations designating Ireland			
	Received	Advertised	Opposed	Registered	Received	Advertised	Opposed	Protected
2011	2,251	1,803	71	1,783	1,410	1,021	16	1,069
2012	2,210	1,781	61	1,648	1,250	1,290	12	1,260
2013	2,354	1,650	32	1,486	1,427	1,103	17	1,075

National Trade Marks 2011-2013



International Trade Marks 2011-2013



Other matters affecting the Register of Trade Marks

	2011	2012	2013
Number of trade marks the subject of assignments	1,853	1,427	1,458
Number of licences of trade marks recorded in the register	66	50	6
Trade mark registrations removed for non payment of renewal fees	3,684	3,824	3,395
Trade mark registrations surrendered	29	12	7
Trade mark registrations restored	13	8	8
Trade mark registrations renewed	4,270	4,874	4,053
National trade marks revoked in full and in part	5	7	9
International trade marks revoked in full and in part	0	5	3
National trade marks declared invalid	2	0	1
International trade marks declared invalid	0	0	0
National registered trade marks in force	65,884	63,674	61,737
International trade marks in force	23,740	23,964	22,988
Total trade marks in force	89,624	87,638	84,725

Hearings & Miscellaneous Matters

	2011	2012	2013
Hearings (<i>ex-parte</i>)	6	6	6
Hearings (<i>inter-partes</i>)	15	7	12
Hearings (<i>inter-partes by way of written submission</i>) **	n/a	7	14
Applications to convert European Community Trade Mark applications into national applications	60	42	32
International Trade Mark applications with Ireland as the Office of Origin filed and transmitted to WIPO	63	46	70
Community Trade Mark applications filed through the Office and forwarded to the Office for Harmonisation in the Internal Market (O.H.I.M)	1	1	0

**** This figure shows the number of inter-partes proceedings that were decided by way of written submissions in lieu of attending at a hearing. This procedure was first introduced in 2012.**

Register of Trade Mark Agents

At the end of 2013, there were 205 individuals and 4 partnerships entered on the Register.

INTERNATIONAL CLASSIFICATION OF GOODS AND SERVICES INTO WHICH TRADE MARKS

REGISTERED IN 2013 FALL


A multilateral treaty called the “Nice Agreement Concerning the International Classification of Goods and Services for the Purposes of the Registration of Marks” established a classification system for trade marks. The Nice Classification comprises 45 class headings which describe in very broad terms the nature of the goods or services contained in each of the 34 classes of goods and 11 classes of services into which trade marks may fall. The classification is administered by the World Intellectual Property Organisation (WIPO) and the current (tenth) edition has been in force since January 1, 2012.

Class	Classification of Goods	No of marks in classification	Class	Classification of Goods	No of marks in classification
1	Chemical Products, etc.	35	24	Tissues (piece goods), etc.	16
2	Paints, etc.	74	25	Clothing, including Boots, Shoes and Slippers	84
3	Bleaching Preparations, etc.	75	26	Lace and Embroidery, etc.	10
4	Industrial Oils, etc.	19	27	Carpets, etc.	13
5	Pharmaceutical Substances, etc.	155	28	Games, etc.	35
6	Unwrought and Partly Wrought Common Metals and their Alloys	40	29	Meat, Fish, Poultry and Game, etc.	199
7	Machines and Machine Tools, etc.	24	30	Coffee, Tea, Cocoa, Sugar, Rice, etc.	205
8	Hand Tools and Instruments, Cutlery, etc.	17	31	Agricultural Products, etc.	55
9	Scientific Apparatus and Instruments, etc.	167	32	Beer, etc.	80
10	Surgical Instruments, etc.	17	33	Wines, Spirits and Liqueurs	53
11	Installations for Lighting, etc.	30	34	Tobacco, etc.	24
12	Vehicles; Apparatus for Locomotion by Land, Air or Water	19	35	Advertising, Business Management, etc.	198
13	Firearms, Ammunition and Projectiles; Explosive Substances; Fireworks	0	36	Insurance, Financial Affairs, etc.	84
14	Precious Metals and their Alloys, etc.	28	37	Building Construction, Repair, Installation Services.	47
15	Musical Instruments (other than talking machines and wireless apparatus)	1	38	Telecommunications	54
16	Paper, etc.	158	39	Transport, Packaging and Storage of Goods, etc.	66
17	Gutta Percha, India Rubber, etc.	11	40	Treatment of Materials	18
18	Leather, etc.	27	41	Education, Entertainment, etc.	245
19	Building Materials, etc.	28	42	Scientific and technological services	100
20	Furniture, etc.	32	43	Providing food and drink	107
21	Small Domestic Utensils, etc.	54	44	Medical services, etc	84
22	Ropes, etc.	5	45	Personal and social services	44
23	Yarns, Threads	3			

Business Statistics - Designs

	2011	2012	2013
Design Applications*	46	67	61
Number of designs applied for*	86	187	185
Designs Registered	112	151	167
Designs Lapsed	74	67	253
Designs Renewed (1927 Act)	85	5	0
Designs Renewed (2001 Act)	13	127	46
Designs in force (1927 Act)	715	489	351
Designs in force (2001 Act)	937	1,012	1,112


*Note-Rule 19 of the Industrial Designs Regulations 2002 provides that 2 or more designs subject to a maximum of 100 designs may be combined in one multiple application for registration of designs.



National design applications by county in 2013

	2011	2012	2013
Community Design Applications filed through the Patents Office and forwarded to the Office for Harmonisation in the Internal Market (O.H.I.M).	2	3	0

Design Applications and Registrations 2011-2013



DESIGNS REGISTERED UNDER THE INDUSTRIAL DESIGNS ACT, 2001 DURING THE YEAR ENDED 31 DECEMBER 2013

A multilateral treaty called “the Locarno Agreement Establishing an International Classification for Industrial Designs” established a classification system for industrial designs. The Locarno Classification comprises a list of 32 classes of goods in which industrial designs may be incorporated. The classification is administered by the World Intellectual Property Organisation (WIPO) and the current (ninth) edition has been in force since January 1, 2009.

Class	Classification	Designs Registered
1	Foodstuffs	9
2	Articles of Clothing and Haberdashery	21
3	Travel Goods, Cases, Parasols and Personal Belongings, not elsewhere specified	4
4	Brushware	2
5	Textile Piece good Articles, Artificial and Natural Sheet Material	0
6	Furnishings	26
7	Household Goods, not elsewhere specified	3
8	Tools and Hardware	0
9	Packages and Containers for the Transport or Handling of Goods	5
10	Clocks and Watches and other Measuring Instruments, Checking and Signalling Instruments	1
11	Articles of Adornment	40
12	Means of Transport or Hoisting	2
13	Equipment for Production, Distribution or Transformation of Electricity	0
14	Recording, Communication or Information Retrieval Equipment	4
15	Machines, not elsewhere specified	2
16	Photographic, Cinematographic and Optical Apparatus	0
17	Musical Instruments	1
18	Printing and Office Machinery	0
19	Stationery and Office Equipment, Artists' and Teaching Materials	5
20	Sales and Advertising Equipment, Signs	0
21	Games, Toys, Tents and Sports Goods	1
22	Arms, Pyrotechnic Articles, Articles for Hunting, Fishing and Pest Killing	1
23	Fluid Distribution Equipment, Sanitary, Heating, Ventilation and Air-Conditioning Equipment, Solid Fuel	0
24	Medical and Laboratory Equipment	0
25	Building Units and Construction Elements	13
26	Lighting Apparatus	2
27	Tobacco and Smokers' Supplies	0
28	Pharmaceutical Products and Cosmetic Products, Toilet Articles and Apparatus	5
29	Devices and Equipment Against Fire Hazards, for Accident Prevention and for Rescue	0
30	Articles for the Care and Handling of Animals	3
31	Machines and Appliances for Preparing Food or Drink, not elsewhere specified	0
32	Graphic Symbols And Logos, Surface Patterns, Ornamentation	22
	Total	172 *

*A Design may be registered in more than one class, therefore the total number of designs in the classes exceeds the number of designs actually registered.

Business Statistics - Copyright

References to the Controller under the Copyright & Related Rights Act, 2000

Under Section 38 of the Act, disputes between persons playing sound recordings in public and the owner of the copyright subsisting in the recordings, regarding the equitable remuneration payable to the copyright owner, may be referred to the Controller for determination.

Under Section 152 of the Act, dispute between persons or organisations requiring a licence under a scheme, which is in operation and the operator of that scheme regarding the equitable remuneration payable, may be referred to the Controller for determination.

	Number of disputes referred to the Controller pending as at 31/12/2012	Number of new references received in 2013	No. of cases settled	No. of cases - determined - withdrawn - deemed invalid	No. of cases pending at 31/12/2013
Disputes submitted under Section 38(4)	0	0	0	0	0
Disputes submitted under Section 152	2 ⁽¹⁾	1	0	1	2 ⁽¹⁾

⁽¹⁾ Regarding the Section 152 references pending at the start of 2013, the arbitrator made an initial award on 8 October 2013 and a final award on 30 April 2014.

Registers

The Act also makes provision for me to establish and maintain the following Registers; The Office has 13 bodies registered in the Register of Copyright Licensing Bodies and 1 in the Register of Licensing Bodies for Performers' Property Rights

- The Register of Copyright Licensing Bodies.
- The Register of Licensing Bodies for Performers' Property Rights.
- The Register of Licensing Bodies for Database Rights.

The Intellectual Property Unit of the Department of Jobs, Enterprise and Innovation has responsibility for policy and the preparation of legislation relating to intellectual property.

LEGISLATION

The Intellectual Property Unit of the Department of Jobs, Enterprise and Innovation has responsibility for policy and the preparation of legislation relating to intellectual property.

Legislation enacted in 2013

EU (TERM OF PROTECTION OF COPYRIGHT AND CERTAIN RELATED RIGHTS) SI NO. 411 OF 2013.

These Regulations transpose Directive 2011/77/EU of the European Parliament and of the Council of 27 September 2011 amending Directive 2006/116/EC on the term of protection of copyright and certain related rights into Irish law. The Regulations extend the term of protection for performers and for producers of sound recordings from 50 to 70 years. The Regulations implement harmonised rules governing the term of protection of copyright in musical compositions with words, i.e. where the lyricist and the composer are different persons.

Financial Information

RECEIPTS AND EXPENSES - YEAR ENDED 31 DECEMBER 2013

RECEIPTS	€000
Patent fees (Notes 1 & 2)	5,772
Trade Mark fees	1,391
International Trade Mark Registration – fees received from WIPO (Note 3)	1,247
Design fees	12
Other fees	133
Less refunds made in respect of fees paid in error	65
Less transaction fees arising in respect of online credit card payments	111
Net receipts accruing to the exchequer	8,379

EXPENSES	€000
Salaries	1,839
Travel & Subsistence	37
Miscellaneous & Incidental expenses	52
Postal & Telecommunications Services	114
Office Machinery and other Office Supplies	225
Office Premises Expenses	88
Information resources, books periodicals, etc.	0
Subscriptions to Industrial Property Unions	389
Net expenses	2,744

Note 1:

In accordance with the European Patent Convention, to which Ireland is a party, the Patents Office is obliged to remit to the European Patents Office 50% of all renewal fees received in respect of European Patents which have been validated in Ireland and which are entered in the national register of patents.

	[€000]
Patent Fees.	10,975
Less Proportion of patent renewal fees transferred to the European Patent Office	5,203
Net Patent fees which accrue to the Exchequer.	5,772

Note 2:

The Patents Office acts as a receiving Office for patent applications made under the Patent Co-operation Treaty and as such receives fees for onward transmission to both the EPO and WIPO. These fees do not accrue to the Irish exchequer and are therefore not included in the figure for net receipts. Details of the fees transferred to the EPO and WIPO during 2013 are shown below:

	[€000]
PCT Basic and Designation Fees transferred to WIPO, Geneva.	33
PCT Search fees transferred to EPO, Munich.	47
Total.	80

Note 3:

As a consequence of Ireland's ratification of the Protocol relating to the Madrid Agreement concerning the International Registration of Marks (the Madrid Protocol) on 19 July 2001, the Office receives fees due in respect of International Trade Mark applications seeking protection in Ireland from the World Intellectual Property Organisation (WIPO).

PERFORMANCE TARGETS 2013

The Patents Office Customer Service Action Plan is based on the Twelve Quality Customer Service Principles set out in the 'Government's Quality Customer Service Initiative' and outlines the actions which will be taken to give effect to these principles. The customer services targets included in this plan are reported below:

Area of Activity and Level of Achievement					
Patents					
1.	Issue formal filing receipts for correctly filed applications within 5 working days.	71%	7.	Transmit European and PCT applications to EPO/WIPO within 5 working days of receipt.	100%
2.	Issue certified copies of patent documents within 5 working days of receipt of request.	97%	8.	Approve the grant of short term patents within a period of 6 months from filing of a proper, complete application.	97%
3.	Issue patent renewal certificate within 3 working days of receipt of payment.	100%	9.	Following receipt of all necessary documents and responses to official objections associated with patent applications, to decide on whether to grant or refuse a patent within two months.	94%
4.	Process applications for registration of assignments within 7 working days of submission of a fully completed application.	100%	10.	Issue notification of formal defects within 15 working days of filing.	92%
5.	Issue confirmation that amendments requested to the patents register in respect of names and address of proprietors and addresses for service have been recorded within 5 working days of receipt of a properly completed application.	98%	11.	Issue notice of substantive defects within 2 months of filing	99%
6.	Grant patents within 5 working days of receipt of grant fee.	99%	12.	Classify for publication 90% of all non-divisional patent applications within 18 months after the priority filing date.	65%
Supplementary Protection Certificates					
1.	Issue notification of formal defects within 10 working days of filing date.	100%	2.	Issue formal filing receipts for correctly filed SPC applications within 5 working days.	92%
Designs					
1.	Issue formal filing receipts for correctly filed design applications within 5 working days.	67%	4.	Issue design renewal certificates within 3 working days of payment of the renewal fee.	100%
2.	Issue initial objections letter/acceptance letter within 12 weeks of receipt of application.	100%	5.	Issue Certificates of Registration within 5 working days of the application being registered by Examination Division.	95%
3.	Respond to 95% of all written correspondence on individual applications in examination within 5 weeks.	100%			

Area of Activity and Level of Achievement

Trade Marks

1.	Issue formal filing receipts for correctly filed trade mark applications within 7 working days.	70%	9.	Transmit application for International Trade Mark Registrations within 5 working days of receipt of correctly filed applications	100%
2.	Process applications for registration of trade mark assignments within 7 working days of submission of a properly, fully completed application.	100%	10.	Issue to relevant parties copies of notices of opposition and applications for revocation or declaration of invalidity within 2 weeks of receipt.	100%
3.	Issue certified copies and extracts from the Trade Marks Register within 5 working days of request.	100%	11.	Respond to 95% of all written correspondence on individual applications in examination within 3 weeks.	100%
4.	Issue trade mark renewal certificate within 3 working days of receipt of payment.	100%	12.	Respond to individual requests for extensions of time prior to the expiry of the relevant deadline where those requests are made not later than 2 weeks before such expiry.	100%
5.	Issue confirmation that requests for amendments to the Trade Marks register in respect of names and addresses of proprietors and trade mark agents and addresses for service have been recorded within 5 working days of receipt of a properly completed application.	100%	13.	Register trade marks within 5 working days of receipt of registration fee.	97%
6.	Accept applications for trade marks within a period of 3 months from the filing of a properly completed application and where no objections have been raised by the Office.	100%	14.	Issue written statement of grounds of decisions in hearings within 2 months following request for same.	75%
7.	Issue initial objections/acceptance letters within 12 weeks of receipt of new application in the Division.	100%	15.	Issue decisions in hearings within 1 month of hearing.	93%
8.	Respond to written correspondence on individual applications (opposition, revocation and invalidity) within 5 weeks.	100%	16.	Issue a request for payment of registration fees within 7 working days of the expiration of the period for filing of opposition where no opposition is received.	100%
			17.	Where opposition is determined in favour of the applicant, the request for registration fees to issue within 7 working days of publication of the withdrawal of opposition	98%

General

	Issue payment receipts for all fees received (in the form of cheque, bank draft and money order) within 2 working days.	100%
--	---	------



**An Seú Tuarascáil
Bhliantúil is Ochtó
ón
gCeannasaí Paitinní,
Dearaí
agus Trádmharcanna
2013**

BAILE ÁTHA CLIATH

ARNA FOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón

OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS, TEACH SUN ALLIANCE,

SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,

nó tríd an bpost ó

FOILSEACHÁIN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,

AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,

CONTAE MHAIGH EO

(Teil: 01 – 6476834/37 nó 1890 213434; Fax: 01 – 6476843 nó 094 - 9378964)

nó trí aon díoltóir leabhar.

Ar fáil le híoslódáil ó: http://www.patentsoffice.ie/en/publications_report.aspx

Réamhrá de Cheannasaí na hOifige Paitinne na hÉireann


Cheap an Rialtas mé mar Cheannasaí Paitinní, Dearaí agus Trádmharcanna ar feadh téarma 5 bliana, le héifeacht ón 8 Deireadh Fómhair 2013.

De réir na bhforálacha d'Alt 103 d'Acht na bPaitinní, 1992, tá sé mar onóir dom anois mo Thuarascáil a chur faoi bhráid an Oireachtais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013, i ndáil le comhlíonadh na bhfeidhmeanna reachtúla atá agam faoi Acht na bPaitinní, 1992, (arna leasú); faoi Acht na dTrádmharcanna, 1996, (arna leasú); faoin Acht um Dhearaí Tionscail, 2001; faoi na Rialacha agus faoi na Rialacháin Reachtúla éagsúla arna ndéanamh de bhun na nAchtanna sin; agus faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhniú Forlíontach Cosanta). Is fúmsa, i gcáil reachtúil, atá cinneadh a dhéanamh faoi na hAchtanna, faoi na Rialacha agus faoi na Rialacháin sin, faoi réir cearta áirithe achomhairc chuig an Ard-Chúirt. Tá feidhmeanna áirithe reachtúla agam freisin faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000, a bhaineann go príomha le déileáil le clárúcháin comhlachtaí ceadúnúcháin chóipchirt, le tagairtí agus iarratais a bhaineann le scéimeanna ceadúnúcháin atá á bhfeidhmiú ag na comhlachtaí sin agus le díospóidí a réiteach maidir le dleachtanna is iníoctha faoi na scéimeanna sin, a éiríonn den chuid is mó as na taifeadtaí fuaime sin a sheinm go poiblí.

Fágann cearta maoine intleachtúla gur féidir eolas, nuálaíocht agus cruthaitheacht a chosaint agus a úsáid ar mhaithe le hiomaíocht agus le fás geilleagrach a chur chun cinn. Agus í ar an oifig reachtúil a bhfuil freagracht uirthi as cearta maoine intleachtúla a dheonú agus a chlárú in Éirinn, go háirithe cearta paitinne, cearta trádmhairc agus cearta dearaidh thionsclaíoch, cuireann Oifig na bPaitinní seirbhís thábhachtach ar fáil do ghnólachtaí agus d'fhiontair Éireannacha. Mar aon leis an reachtaíocht ábhartha a riar maidir le próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar phaitinní, ar thrádmharcanna agus ar dhearaí tionsclaíocha, agus mar aon le cláir agus bhunachair shonraí leictreonacha a choinneáil i leith na gceart sin, comhlíonann an Oifig roinnt feidhmeanna éagsúla oibriúcháin freisin, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Cúnamh agus faisnéis a sholáthar do chliaint maidir le maoin thionsclaíoch agus intleachtúil.
- Imeachtaí a riar os comhair an Cheannasaí maidir le cearta maoine intleachtúla (MI) agus éisteachtaí a sheoladh i gcás freasúraí in aghaidh clárúcháin trádmharcanna.
- Cláir na n-aturnaetha paitinní agus trádmharcanna a bhfuil údarás acu feidhmiú sa Stát a choinneáil.
- Feidhmiú mar oifig ghilachta don Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI), d'Oifig na bPaitinní Eorpacha (OPE) agus don Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (OHIM).
- Rannchuidiú a dhéanamh maidir le forbairtí beartais agus reachtaíochta ó thaobh chearta MI de.

Tugtar faisnéis i mo Thuarascáil Bhliantúil do 2013 faisnéis ar conas a sholáthair an Oifig a cuid seirbhísí agus conas a chomhlíon sí na feidhmeanna éagsúla atá aici de bhun na sé chuspóir a leagadh síos ina Ráiteas Straitéise 2011 go 2013. Gabhann raon staitisticí gnó leis an bhfaisnéis sin. Léiríodh i ngnéithe de Ráiteas Straitéise na hOifige an glao a rinneadh i bPlean an Rialtais um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí a seoladh in 2011. Ba é sin, ba chóir don tseirbhís phoiblí feabhas a chur ar a rannpháirtíocht le custaiméirí gnó, laghdú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a ghabhann le hidirghníomhú an chustaiméara leis an Stát agus feabhas a chur ar dhearadh agus ar sholáthar seirbhísí. Beag beann ar na srianta buiséadacha atá uirthi agus ar an soláthar foirne níos ísle atá aici, rinne Oifig na bPaitinní iarrachtaí suntasacha feabhas a chur ar an dóigh a gcomhlíonann sí a feidhmeanna reachtúla agus lean sí lena príomhspríocanna seirbhíse do chustaiméirí a bhaint amach, agus seirbhís ar ardchaighdeán á cur ar fáil aici ag an am céanna. Rinneamar feabhsuithe ar an dóigh a soláthraímid próisis agus seirbhísí áirithe d'fhonn níos mó a bhaint amach agus níos lú acmhainní againn agus rinneamar iarracht an t-ualach riaracháin atá ar ghnólachtaí a laghdú trí thionscnaimh ar nós trádmharcanna a ríomhchomhdú agus trí mhéadú a dhéanamh ar an raon roghanna ríomhíocaíochta atá ar fáil do ghnólachtaí agus táillí reachtúla á n-íoc acu. Toisc go bhfuil an tseant-reimhse straitéise trí bliana críochnaithe anois, tá sé ar intinn againn tús a chur le ceann nua. Tá Oifig na bPaitinní tar éis fás ina heagraíocht éifeachtach seirbhíse poiblí, a bhfuil acmhainn éifeachtach éifeachtúil aici an córas MI a riar in Éirinn. A bhfuil lenár n-éachtaí le blianta beaga anuas maidir le raon ríomhsheirbhísí a fhorbairt, is ann do bhonn daingean anois dá bhfuil i ndán dúinn. Má chuirtear straitéis ghnó atá dírithe ar an gcustaiméir chun feidhme sna blianta atá le teacht, cuirfear ar chumas na hOifige leanúint de bheith ag cur leis an gcóras MI a fhorbairt agus a chur ar aghaidh in Éirinn chun leas gnólachtaí agus fiontair Éireannacha araon. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do gach ball foirne mar gheall ar an gcrua-obair a rinne siad, mar gheall ar an díograis agus ar an ngairmiúlacht a thaispeáin siad le linn na bliana 2013 agus mar gheall ar an tiomantas leanúnach atá acu dár seirbhísí a sholáthar ar bhealach chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir sa todhchaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo ina leith sin ar fad.



Gerard Barrett

Ceannasaí

10 Meitheamh 2014

Trácht Ginearálta ar Chuspóirí agus Gníomhaíochtaí

Próiseas casta, carnach, idirdhisciplíneach agus ard-idirghníomhach is ea nuálaíocht. Téann dúrud tosca i bhfeidhm uirthi, mar shampla, cultúr nuálaíochta, caipiteal sóisialta, timpeallacht le haghaidh fiontraíochta, oideachas agus líonraí taighde nó eolais. Mar gheall ar a chasta atá sí agus mar gheall gur mó a d'fhulaing Éire tionchar na géarchéime airgeadais agus go raibh laghdú géar i ngníomhaíocht gheilleagar agus i bhfostaíocht sa tír le blianta beaga anuas, tá sé deacair measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá comhdúcháin nuálaíochta agus mhaoine intleachtúla ag cur le fás geilleagrach.

In anailís a rinne Forfás¹ ar fheidhmíocht nuálaíochta in 2011, fuarthas amach gur cúis mhisnigh a bhí i bhfeidhmíocht nuálaíochta na hÉireann toisc go raibh ardchéatadán de ghnólachtaí i mbun gníomhaíocht nuálaíochta ag an am sin. Is gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach atá i bhformhór na ngnólachtaí sin, áfach. Mar sin, is beag gníomhaíocht nuálaíoch atá á déanamh i measc gnólachtaí beaga dúchasacha. Ina ainneoin sin, tugadh faoi deara sa tuarascáil go bhfuil 'gnólachtaí dúchasacha meánmhéide agus móra' gníomhach maidir le nuálaíocht a mhargú. Bhog Éire suas go dtí an naoú háit as 28 Ballstát den AE le déanaí i Scórchlár Nuálaíochta an Aontais 2014² ón gCoimisiún Eorpach. Is i Scórchlár Nuálaíochta an Aontais – rud a chuirtear le chéile gach bliain – a thugtar measúnú comparáideach ar an bhfeidhmíocht taighde agus nuálaíochta de chuid na 28 Ballstát den AE agus láidreachtaí agus laigí coibhneasta a gcuid córais taighde agus nuálaíochta. Bhí Éire ar an gceannaire foriomlán sa táscaire a bhain le tionchar geilleagrach na nuálaíochta. Is é atá i gceist leis an tionchar sin ná an rath geilleagrach a bhaineann nuálaíocht amach maidir le fostaíocht a chruthú i ngníomhaíochtaí dlútheolais, an méid a chuireann onnmhairí is táirgí meánteicneolaíochta agus ardteicneolaíochta le comhardú na trádála, onnmhairí seirbhísí dlútheolais, díolachán a thagann as gníomhaíochtaí nuálaíochta agus ioncam ceadúnais agus paitinne a thagann as teicneolaíochtaí a dhíol le tíortha eachtracha.

Beag beann ar fheidhmíocht dhearfach nuálaíochta na hÉireann i Scórchlár Nuálaíochta an Aontais, is cosúil go raibh an easpa gníomhaíocht nuálach i measc gnólachtaí beaga dúchasacha – rud a aithníodh i dtuarascáil Forfás do 2011 – ar cheann de na tosca a chuir leis an laghdú leanúnach i gcomhdúcháin náisiúnta MI. Cé gur dearfach a bhí na figiúirí comhdúcháin a d'fhoilsigh WIPO, EPO agus OHIM le déanaí maidir le comhdúcháin idirnáisiúnta agus Eorpacha a rinne iarratasóirí atá lonnaithe in Éirinn, agus cé gur léiríodh méaduithe beaga iontu, ní thugtar an scéal iomlán sna figiúirí sin. Agus iad ag forbairt MI in Éirinn, tá sé mar bheartas ag mórán gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach atá lonnaithe in Éirinn iarratais a chomhdú chun na cearta MI sin a chosaint trí na máthairchuideachta a bhfuil a ceanncheathrú lonnaithe thar lear. I gcásanna den sórt sin, fiú amháin gur in Éirinn a rinneadh an Taighde agus an Fhorbairt as ar tháinig an MI, ní gá go dtaifeadtar na hiarratais sin mar chomhdúcháin ó ghnólachtaí atá lonnaithe in Éirinn. I gcodarsnacht le laghduithe leanúnacha i líon na gcomhdúcháin náisiúnta, mar sin, is treocht dhearfach aníos a léirítear sna figiúirí maidir le comhdúcháin idirnáisiúnta agus Eorpacha ó iarratasóirí atá lonnaithe in Éirinn. Tugann an méid sin le fios go leanann cuideachtaí Éireannacha atá dírithe ar onnmhairí (a bhféadfadh go mbeadh cuid mhór acu faoi úinéireacht eachtrach) le hiarracht a dhéanamh tairbhe a bhaint as an acmhainn atá ann díolachán idirnáisiúnta a dhéanamh i margaí onnmhairí agus go mbíonn siad ag cinntiú go bhfuil a sócmhainní maoine intleachtúil faoi chosaint i margaí eachtracha.

1. http://www.forfas.ie/media/forfas110323-Analysis_of_Ireland's_Innovation_Performance.pdf

2. http://ec.europa.eu/enterprise/policies/innovation/policy/innovation-scoreboard/index_en.htm

Comhdúcháin MI arna nDéanamh Thar Lear ag Gnólachtaí Éireannacha

Líon na gComhdúcháin CCP de réir Tíre Thionscanta

	2009	2010	2011	2012	2013
Éire	482	443	415	391	435*

Foinse: Bunachar Sonraí Staitisticí

(*Tugtar staitisticí sealadacha do 2013)

Notá: Leis an gcóras CCP tá sé indéanta cosaint phaitinne a lorg go comhuineach maidir le haireagán I ngach ceann de líon mór tíortha trí iarratas amháin "idirnáisiúnta" ar phaitinn a chomdú. Tá an comhaireamh thuas bunaithe ar chomhdú idirnáisiúnta go dtí seo agus tír chónaithe an chéad iarratasóra ainmnithe.

Líon na gComhdúcháin Paitinne Eorpach de réir Tíre Cónaithe an Iarratasóra

	2009	2010	2011	2012	2013
Éire	759	765	699	663	725

Foinse: Bunachar Sonraí Staitisticí OPE

Líon na n-iarratas ar Thrádmharc Comhphobail (TMC) de réir Tíre Cónaithe an Iarratasóra

	2009	2010	2011	2012	2013
Éire	821	832	808	827	1040

Foinse: Staitisticí OCMI SSC003.1

Nóta: Á soláthar sa chóras TMC d'iarratas amháin agus do nós imeachta clárúcháin anháin a sholáthraíonn cosaint ar thrádmharcanna sna 28 ballstát.

Líon na n-iarratas ar thrádmharc idirnáisiúnta Maidrid de réir Tíre Tionscanta

	2009	2010	2011	2012	2013
Éire	112	101	130	121	172

Foinse: Bunachar Sonraí Staitisticí EDM1

Nóta: Tugann córas Madrid deis d'úinéir trádmharc cosaint a fháil don trádmharc i roinnt tíortha trí iarrtas amháin a chomhdú. Is ionann marc idirnáisiúnta agus iarratas nó clárú ar an marc céanna a thabhairt i gcrích go díreach i ngach tír a bhíonn ainmnithe ag an iarratasóir. Is comhdúcháin idirnáisiúnta atá sna figiúirí thuas ag iarratasóirí Éireannacha trí Oifig na hÉireann agus comhdúcháin idirnáisiúnta ag iarratasóirí Éireannacha trí Oifigí eile.

**Beidh figiúirí áirithe stairiúla comhdúcháin éagsúil ó bhliain go bliain de bharr nuashonrú leanúnach na mbunachar sonraí de chuid WIPO, EPO agus OHIM.*

Iarratais ar Phaitinní arna gComhdú sa Ríocht Aontaithe de réir Tír Chónaithe

	2009	2010	2011	2012	2013
Éire	321	289	330	336	Níl figiúirí ar fáil

Foinse: "Facts & Figures" ó UKIPO

Líon na nIarratas ar Phaitinn Fónais arna gComhdú sna Stáit Aontaithe de réir Thír Thionscnaimh

(Tugtar "paitinní i gcomhair airgeagán" ar phaitinní fónais na Stát Aontaithe freisin.)

	2009	2010	2011	2012	2013
Éire	704	796	829	947	Níl figiúirí ar fáil

Foinse: USPTO Staitisticí

Misean agus Cuspóirí Oifig na bPaitinní

Is é seo a leanas lármhisean Oifig na bPaitinní

"Córas éifeachtach éifeachtúil um maoin thionsclaíoch a chosaint a chur ar fáil, rud a spreagfaidh dul chun cinn teicneolaíochta agus a chuirfidh fiontraíocht chun cinn trí chur chun feidhme na reachtaíochta ábhartha ag an Oifig".

Bainfear é sin amach trí chearta maoine tionsclaíche a chosaint i réimsí na bpaitinní, na dtrádmharcanna agus na ndearaí agus trí eolas agus fhaisnéis ábhartha a scaipeadh go réamhghníomhach i gcomhar le gach ceann de na gníomhaíochtaí sin.

Is sa tráchttaireacht seo a leanas agus sa tuarascáil staidrimh a ghabhann léi a dhéantar breithniú ar ghníomhaíochtaí na hOifige le linn na bliana 2013 maidir leis na sé chuspóir straitéiseacha reatha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise 2011-2013. Meastar go bhfuil na cuspóirí sin rithábachtach maidir le misean na hOifige a chomhlíonadh agus maidir lena héifeachtúlacht oibriúcháin a choimeád ar bun. Tagann misean agus straitéis na hOifige freisin leis na mórchuspóirí náisiúnta a bhaineann le tacaíocht agus le spreagadh a thabhairt d'fhiontraíocht agus do nuálaíocht agus le timpeallacht éifeachtach ghnó a chothú in Éirinn. Ullmhaíodh Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2014-2016 i mí na Nollag 2013. Leagtar amach sa Ráiteas conas a bhainfidh an Oifig na 6 phríomhchuspóir atá aici amach thar na trí bliana amach romhainn.

Ullmhaíodh Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2014-2016 i mí na Nollag 2013. Leagtar amach sa Ráiteas conas a bhainfidh an Oifig na 6 phríomhchuspóir atá aici amach thar na trí bliana amach romhainn.


Cuspóir (1)

Leanúint le paitinní a cheadú agus trádhmharcanna agus dearaí a chlárú bunaithe ar nósanna imeachta riaracháin agus caighdeáin seirbhíse éifeachtacha (atá ag teacht leo sin is fearr a thagann le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus a fhreastlaíonn ar riachtanais chustaiméirí).

Ba le breis éifeachtúlachta agus éifeachtachta a lean an Oifig lena seirbhísí a sholáthar in 2013. Rinneadh caighdeáin Seirbhíse do Chustaiméirí a athbhreithniú nuair ba ghá agus rinneadh próisis a chuíchóiriú agus a uathobriú tuilleadh. Ní raibh aon fhíor-riaráiste próiseála ann agus ba ar leibhéal an-sásúil a comhlíonadh formhór na spriocanna seirbhíse do chustaiméirí.

Lean an cor chun donais eacnamaíoch le tionchar suntasach a imirt ar líon na n-iarratas náisiúnta ar chearta MI a comhdaíodh in 2013. Ba ag a lán gnólachtaí beaga dúchasacha a oibríonn sa mhargadh intíre a bhí ioncam laghdaithe, easpa creidmheasa agus corrlaigh bhrabúis níos dlúithe le linn bliana a bhí deacair dóibh. Is minic a bhíonn ar a lán gnólachtaí beaga a straitéisí agus a bpróisis a athmheasúnú le linn tréimhsí cúlaithe. Agus é sin á dhéanamh acu, b'fhéidir go ndíreodís ar bhealaí níos éifeachtúla ó thaobh costais de chun táirgí agus seirbhísí reatha a sholáthar. Mar sin, seans go bhfuil srian orthu maidir le glacadh le cultúr níos nuálaí. Is cosúil gur féidir an méid a ghlac fiontair dhúchasacha bheaga agus mheánmhéide le cur chuige níos coimeadaí a fheiceáil sna laghduithe foriomlána i líon na n-iarratas ar chearta náisiúnta MI atá á gcomhdú gach bliain ó 2008 ar aghaidh.

Mar sin féin, is maith an rud é gur tháinig meath ar an ráta laghdaithe i gcomhdúcháin MI agus go bhfuil cothromaíocht ag teacht ar an ráta sin anois. D'fhéadfadh gur comhartha é go bhfuil muinín ag méadú i measc an lucht gnó arís. Cé gur tháinig méadú beag ar líon na dtrádhmharcanna agus ar líon na nDeimhnithe Forlíontacha Cosanta (DFCanna) a comhdaíodh, lean líon na bpaitinní agus líon na ndearaí a comhdaíodh de bheith ag laghdú. Bhí laghdú suntasach ar líon na bpaitinní go háirithe. Tháinig laghdú 30% ar líon na bpaitinní a comhdaíodh i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2012 (ó 554 paitinn in 2012 go 390 paitinn in 2013). Is an-soiléir freisin atá an t-aistriú ó phaitinní fadtéarmacha go paitinní gearrthéarmacha - is é 2:1 an cóimheas ina leith sin. D'fhéadfadh gur iarmhairt na timpeallachta geilleagraí é an t-athrú sin, toisc gur minic a bhaineann fiontraithe agus fiontair bheaga agus mheánmhéide luach níos fearr as paitinn gearrthéarmach.




I gcomparáid leis na figiúirí do 2012, bhí laghdú 37% ar líon na gcomhdúcháin Paitinní fadtéarmacha náisiúnta a fuarthas le linn 2013 (ó 216 comhdúcháin go 135 comhdúcháin), agus bhí laghdú 25% ar líon na n-iarratas ar phaitinní gearrthéarmacha a fuarthas (ó 338 iarratas go 255 iarratas).

Lean iarratais ar Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta (DFCanna) de bheith ag méadú in 2013, iad tar éis ardú faoi 16% ó 54 iarratas in 2012 go 63 iarratas in 2013. Meastar go mbaineann tábhacht shuntasach le DFCanna don tionscal táirgí cógaisíochta agus íocshláinte agus is ceart an-luachmhar MI iad. Tá Éire ar cheann de na príomháiteanna san Eoraip anois don tionscal cógaisíochta, agus táirgí íocshláinte agus cógaisíochta freagrach as thart ar 25% d'iomlán ár n-onnmhairí.

Bhí laghdú beag ar líon na n-iarratas a fuarthas in 2013 ar dhearaí tionsclaíocha a chlárú (ó 67 iarratas go 61 iarratas), rud a bhfuil líon an-íseal iarratas meallta aige ó 2003 nuair a tháinig córas clárúcháin Dearaí an Chomhphobail i bhfeidhm den chéad uair. Bhí 172 dearadh san iomlán i gceist leis na 61 iarratas a fuarthas.

I gcomparáid leis an bhfigiúr do 2012, tháinig méadú 6% in 2013 (ó 2,210 iarratas go 2,354 iarratas) ar líon iomlán na n-iarratas náisiúnta ar thrádhmharcanna a fuarthas. Tháinig méadú ar líon na n-iarratas idirnáisiúnta ar thrádhmharcanna cosanta in Éirinn freisin, iad tar éis méadú faoi 14% i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2012 (ó 1,250 iarratas go 1,427 iarratas). Is é sin an chéad mhéadú i líon na n-iarratas idirnáisiúnta ar thrádhmharcanna a comhdaíodh ó fuarthas na chéad iarratais in 2006.



Tháinig laghdú beag 3% ar ghlanfháltais a bhí dlite don státchiste in 2013 i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2012 (ó €8.646m go €8.379m). Tagann an chuid is mó d'ioncam táillí na hOifige ó tháillí athnuachana ar Phaitinní Eorpacha. Tá laghduithe in athnuachaintí paitinní agus trádmharcanna náisiúnta le feiceáil ó 2008. D'fhéadfadh go mbeadh an laghdú in ioncam ó tháillí athnuachana curtha i leith dúnadh gnólachtaí agus cúinsí airgeadais a théann i bhfeidhm ar an gcumas atá ag gnólachtaí ceart MI a athnuachan. Tá a costais reatha laghdaithe ag an Oifig **gach bliain** ó 2008 trí éifeachtúlachtaí riaracháin a thabhairt isteach, agus soláthar laghdaithe foirne aici an t-am ar fad. B'ionann glanspeansais €2.744m na hOifige do 2013 agus laghdú €0.1m ar an bhfigiúr comhfhreagrach €2.846m do 2012, rud ar laghdú de níos mó ná 3% é. Ba sna réimsí seo a leanas a tháinig na laghduithe ba mhó i speansais chun cinn: tuarastail foirne (de bharr laghdú leanúnach sa soláthar foirne), trealamh oifige agus seirbhísí soláthairtí. Ar an iomlán, tá laghdú de bheagnach €0.75m tagtha ar ghlanspeansais na hOifige ó 2008.

Cuspóir (2)

Iarracht a dhéanamh ar theicneolaíocht nua a ionchorprú d'fhonn feabhas a chur ar chórais agus nósanna imeachta agus ar sheirbhís do chustaiméirí agus a thógfaidh ceann freisin d'éilimh an tsochaí faisnéise agus r-ghnó.

Lean an Oifig de bheith ag díriú ar an ról atá aici seirbhísí a sholáthar ar bhealach éifeachtach éifeachtúil. Tá an tiomantas atá againn do sheirbhís ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí leagtha amach inár bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí, rud atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin. Is é 98% an meánleibhéal gnóthachtála i gcás na 35 sprioc seirbhíse do chustaiméirí atá againn, spriocanna lena leagtar síos uasteorainneacha ama chun gníomhaíochtaí agus cúraimí éagsúla atá dírithe ar an gcustaiméir a chur i gcrích. Ba é 95% an meánleibhéal gnóthachtála in 2012. Cuirtear síos ar na spriocanna sin sa rannán "Spriocanna Feidhmíochta" den tuarascáil. Ar mhaithe le seirbhísí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla, lean an fhoireann le feabhas a chur ar na próisis oibre agus ar na réitigh theicneolaíochta atá mar bhonn thaca ag a croítháirgí agus ag a croísheirbhísí le linn na bliana 2013.

Is páipéarbhunaithe atá sciar suntasach d'idirbhearta gnó na hOifige go fóill – go háirithe iad siúd a bhaineann le hiarratais a fháil agus a phróiseáil – agus is féidir leis sin cur isteach ar sholáthar éifeachtúil seirbhísí. Agus é sin á aithint aici, tá an Oifig ag féachaint, ó 2010 ar aghaidh, le clár ríomhchumarsáide a chur ar bun, rud arb é an aidhm atá leis soláthar seirbhísí a fheabhsú agus próiseáil a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla trí chomhdúchán leictreonach, phróiseáil leictreonach comhad agus chumarsáid leictreonach a chomhcheangal ar bhealach a chabhróidh ar deireadh le próiseáil gan pháipéar san Oifig. Is trí ríomhphost a eisítear formhór mór chomhfhreagras na Roinne anois. Spreagtar custaiméirí cumarsáid trí ríomhphost a dhéanamh leis an Oifig nuair is féidir.

Mhol an Tascfhórsa Nuálaíochta do 2010 gur chóir don Oifig comhdúcháin leictreonacha a thabhairt isteach agus iad sin a chur ar fáil lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre. D'fhonn éifeacht a thabhairt don mholadh sin, agus ar feitheamh córas oiriúnach ríomhchomhdúcháin a fhorbairt, thug an Oifig bosca seachadta leictreonach isteach in 2011, rud a fhágann gur féidir iarratais chriptithe ar phaitinní, ar thrádmharcanna agus ar dhearaí, in éineacht le doiciméid ghaolmhara, a chur isteach go leictreonach agus go slán tríd an Idirlíon. Níl an bosca seachadta ar fáil do gach iarratasóir. Tá sé ar fáil do ghníomhairí cláraithe a dhéanann roinnt iarratais éagsúla, nó a bheartaíonn roinnt iarratais éagsúla a dhéanamh, ar chearta maoine intleachtúla i mbliain ar bith. Ag deireadh na bliana 2013, bhí leas á bhaint ag 21 gnólacht as an mbosca seachadta, i gcomparáid le 19 ngnólacht a bhí á úsáid in 2012.

Le linn na bliana 2013, ghlac an Oifig páirt i dtionscadal Pacáiste Bogearraí Amach Anseo i gcomhar le OHIM agus le roinnt Oifigí Eorpacha MI, rud arb é ab aidhm dó freastal ar chóras um thrádmharcanna a chomhdú ar líne a thabhairt isteach. Is trí chiste Comhair OHIM a mhaoinítear an obair forbartha agus chomhtháthaithe atá i gceist leis an tionscadal sin a thabhairt chun críche. Tástáladh an próiseas iarratas leictreonach go rathúil i mí na Nollag 2013 agus chuir sé sin ar chumas na hOifige glacadh lena céad iarratas ríomhchomhdaithe ar thrádmharc. Sular cuireadh an córas i bhfeidhm ag deireadh mhí an Mhárta 2014, tugadh faoi obair bhreise feidhmiúlachta chun go bhféadfaí an táille iarratais a íoc ar líne. Rinneadh obair freisin chun go bhféadfaí an feidhmchlár ríomhchomhdaithe a chomhtháthú isteach i gcóras riaracháin Ptolemy na hOifige. Cuimseoidh an tionscadal sin an fheidhmiúlacht atá ar fáil trí thionscadail eile de chuid Chiste Comhair OHIM, TMclass ina measc. Cabhróidh sé sin leis an bpróiseas iarratas a chúchóiriú agus, ar deireadh, cuirfidh sé ar chumas na hOifige cinntí níos tapa a dhéanamh ar iarratais ar chosaint trádmharcanna.

Cuireadh tús in 2013 le tionscadal arb é is aidhm dó cur le líon na ndoiciméad paitinne náisiúnta atá cartlannaithe go leictreonach. Ba é aidhm an tionscadail ná na doiciméid sonraíochta uile atá ar fáil faoi iarratasóirí ar phaitinní a fuarthas sa tréimhse idir na 1960í agus na 1990í a scanadh agus iad a chur ar fáil ar an suíomh Gréasáin. Cabhróidh sé sin le rochtain éasca ar na sonraí a thabhairt don phobal mór agus don fhoireann, chomh maith leis an ngá atá le spás stórála do pháipéar-chomhaid a laghdú.

Ar aon dul le beartas an Rialtais chun úsáid mhéadaithe íocaíochtaí leictreonacha a chur chun cinn sa tseirbhís phoiblí agus ar fud an gheilleagair, bhunaigh an Oifig dhá chuntas nua bairc thráchtála in 2011, rud a thugann tuilleadh roghanna íocaíochta táillí dá custaiméirí. Is go leictreonach a íoctar 91% de tháillí reachtúla na hOifige anois, i gcomparáid le 89% in 2012. I mí na Samhna 2013, thug an Oifig teirminéal cártaí creidmheasa (TCC) isteach ar mhaithe le híocaíocht gach táille ar an teileafón a éascú tuilleadh. Faoi dheireadh na bliana, bhí breis agus 100 iarratas faighte ag an Oifig tríd an teirminéal sin.

Ar mhaithe le seirbhísí a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla, lean an fhoireann le feabhas a chur ar na próisis oibre agus ar na réitigh theicneolaíochta atá mar bhonn thaca ag a croítháirgí agus ag a croísheirbhísí le linn na bliana 2013. I ndáil leis sin, forbraíodh naoi bhfeabhas shubstainteacha ar chóras riaracháin PTOLEMY le linn na bliana. Ba é an aidhm a bhí le gach ceann acu ná feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibriúcháin. Ina theannta sin, rinne an fhoireann TFC roinnt uasghráduithe ar bhogearraí agus ar chrua-earraí TFC na hOifige, rud a chinntigh go bhfuil croíchórais ghnó na hOifige agus bonneagar teicniúil na gcroíchóras sin cothrom le dáta. Rinneadh gach ríomhaire san Oifig a uasghrádú ó Windows XP go Windows 7.

Cuspóir (3)

Cur le dreachtú agus le forfheidhmiú ina dhiaidh sin ar aon reachtaíocht nua MI a chruthaíonn feidhmeanna don Rialtóir.

Tá rialáil na gceart maoine intleachtúla in Éirinn ina cuid riachtanach den chreat fhoriomlán reachtaíochta lena ndéantar nuálaíocht a spreagadh, a chosaint agus a chur chun cinn. Tá sé ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, a léiríonn an tiomantas atá ag Éirinn do Dhlí Maoine Intleachtúla an AE agus do chonarthaí agus do choinbhinsiúin idirnáisiúnta eile, amhail Coinbhinsiún Paitinní na hEorpa agus Conarthaí agus Comhaontuithe éagsúla na hEagraíochta Domhanda um Maoine Intleachtúil. Is é Aonad Maoine Intleachtúla (AMI) na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá freagrach as beartas maoine intleachtúla agus as reachtaíocht a ullmhú sa réimse sin. Soláthraíonn Oifig na bPaitinní comhairle ar na hábhair sin, go háirithe ar an tionchar a d'imreodh athruithe dlíthiúla nó rialála a bheartaítear ar obair na hOifige.

Idir Samhain 2009 agus Deireadh Fómhair 2013, ba i nduine amháin a bhí an ról mar Cheannasaí agus mar Cheannaire ar an Aonad Maoine Intleachtúla (AMI) dílsithe. Ó ceapadh Ceannasaí nua i mí Dheireadh Fómhair 2013, áfach, is ag Aonad Maoine Intleachtúla na Roinne atá na feidhmeanna a bhaineann le reachtaíocht MI a dhréachtú agus a chur chun feidhme.

Is iad seo a leanas na hábhair ar chuir an Oifig leo agus ar chuir sí tuairimí in iúl ina leith le linn 2013:

- Togra chun leathnú a dhéanamh ar raon na forála díolúine taighde de chineál “Bolar”, faoi mar atá leagtha síos in Alt 42(g) d’Acht na bPaitinní, 1992.
- Rialacha nós imeachta Roghchoiste Chomhairle Riaracháin Eagraíocht Paitinní na hEorpa, arna bhunú chun rialachas agus maoirseacht na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis na dualgais a cuireadh de chúram Oifig Paitinní na hEorpa de bhun Airteagal 145(1) de Choinbhinsiún Paitinní na hEorpa agus de réir Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1257/2012 a chinntiú.
- Rialacha arna moladh ag Roghchoiste Chomhairle Riaracháin Oifig Paitinní na hEorpa maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1257/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2012, lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme sa réimse a bhaineann le cosaint aonadach phaitinne a chruthú agus Rialachán (AE) Uimh. 1260/2012 ón gComhairle an 17 Nollaig 2012, lena gcuirtear comhar feabhsaithe chun feidhme sa réimse a bhaineann le cosaint aonadach phaitinne a chruthú i ndáil leis na socruithe aistriúcháin is infheidhme.
- AE (Téarma Cosanta Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara Áirithe), I.R. Uimh. 411 de 2013

Cuspóir (4)

Feasacht ar mhaoin intleachtúil a mhéadú.

Is é ceann de na príomhchuspóirí atá ag Oifig na bPaitinní ná cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí, do nuálaithe agus d'fiontraithe a thuiscint conas is féidir le MI cabhrú leo luach a bhaint amach óna gcuid smaointe agus bheith in ann faisnéis ar chearta maoine intleachtúla a rochtain, rud a chuirfidh ar a gcumas a maoin intleachtúil a úsáid, a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú chomh fada agus is féidir. Tá an Oifig tar éis a clár feasachta MI a dhíriú go sonrach ar chúnamh a thabhairt d'fhiontair bheaga, do mhicreafhiontair agus d'fhiontraithe agus do nuálaithe aonair.

I gcomhar leis an Líonra Fiontar Eorpach, le Fiontraíocht Éireann (FÉ) agus leis na Boird Fiontar Contae (BFCanna), lean an Oifig le seimineáir aon lae a reáchtáil. Ba é téama na seimineáir sin ná 'Gnó a Fhorbairt Bunaithe ar Do Smaointe Féin'. Dí-ríodh sna seimineáir ar fheasacht a mhéadú i measc gnólachtaí orthu seo a leanas: an buntáiste iomaíoch is féidir a bhaint amach trí MI a úsáid, na féidearthachtaí atá ann leas a bhaint as luach MI ar gné dhílis é d'fhorhóir na ngnólachtaí agus na struchtúir thacaíochta atá ar fáil do ghnólachtaí beaga agus do ghnólachtaí nuathionscanta ón Stát agus ón Eoraip. Le linn na bliana 2013, cuireadh trí cinn de na seimineáir sin ar siúl i mBaile Átha Luain, i nDún Dealgan agus i bPort Láirge i gcomhar leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta áitiúla. D'fhreastail breis agus 250 duine san iomlán ar na seimineáir sin agus thug siad aiseolas an-dearfach ina leith. Is ceart aitheantas a thabhairt don chúnamh agus don tacaíocht a thug an Líonra Fiontar Eorpach, Fiontraíocht Éireann agus na Boird Fiontar Contae, mar aon leis na harnaetha paitinní agus trádmarcanna siúd a ndearna a rannpháirtíocht sna himeachtaí rud an-ábhartha, faisnéiseach agus spésiúil díobh.

Lean an Oifig freisin lena clár for-rochtana a reáchtáil, rud arb é an aidhm atá leis feasacht ar mhaoin intleachtúil a mhéadú i measc an phobail i gcoitinne, agus é dírithe go háirithe ar earnáil na ngnólachtaí beaga nuathionscanta agus ar dhaltaí. Ghlac an Oifig páirt i dtuairim is 30 imeacht san iomlán. Labhair sí faoi MI ag cúrsaí "Do Ghnó Féin a Chur ar Bun", a bhí á reáchtáil ag na Boird Fiontar Contae, agus ag taispeántais éagsúla chomhairle gnó agus fiontraíochta a bhí ar siúl ar fud na tíre. I measc na n-imeachtaí ar freastalaíodh orthu, bhí na himeachtaí Líonrú Gnó dar teideal "MeetWest" agus "CorkMeet", áit ar thionóil an Oifig seisiúin aonair le gnólachtaí éagsúla a d'iarr orainn bualadh leo.

Chuir Oifig na bPaitinní 18 gclinic MI ar siúl in 2013. Tugann na clinicí deis do dhaoine den phobal, d'aireagóirí, d'fhiontraithe agus don lucht gnó plé duine le duine le foireann Oifig na bPaitinní a dhéanamh ar a gcuid smaointe agus ar cheistanna a bhaineann le hiarratais MI (paitinní, trádmarcanna nó dearáí) a bheartaíonn siad a dhéanamh nó atá déanta acu cheana féin chuig an Oifig. Táthar den tuairim go bhfuil an cur chuige ar leith sin an-úsáideach maidir le buntreoir a thabhairt maidir le nósanna imeachta agus le foirmeacha a theastaíonn chun cearta MI a chlárú, maidir leis na próisis a bhaineann le cosaint MI a fháil in Éirinn nó thar lear agus maidir leis na tréimhsí ama a bhíonn i gceist. Tugtar cúnamh freisin maidir le straitéis chuardaigh 'déan féin é' i gcomhair paitinní, trádmarcanna nó dearáí cláraithe a chur le chéile agus maidir le bunachar sonraí paitinní, trádmarcanna agus dearáí a rochtain agus a úsáid.

Lean an Oifig le feasacht ar MI a chothú i measc daltaí dara leibhéal, tuismitheoirí agus daoine den phobal a d'fhreastail ar an 49ú Taispeántas bliantúil Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta de chuid BT i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir 2013. Creideann an Oifig go bhfuil ár láithreach ag an taispeántas ina bealach tábhachtach chun eolas a thabhairt do dhaoine óga maidir le cearta maoine intleachtúla agus chun comhairle a thabhairt do rannpháirtithe agus don lucht freastail maidir le paitinniú. Lean an Oifig freisin le hurraíocht a dhéanamh ar dhuais speisialta a bhronntar ar an dalta nó ar an ngrúpa daltaí a mbaineann a dtionscadal an úsáid is fearr as teicneolaíocht i bhfeidhmchláir nua nó fheabhsaithe agus a mbaineann a dtionscadal na héifeachtúlachtaí feabhsaithe nó na nuálaíochtaí núiosacha is fearr amach. Is iad buaiteoirí na duaise faoi urraíocht Oifig na bPaitinní do 2013 ná Ruth Coughlan agus Áine O'Connell ó Mheánscoil Loreto, An Uaimh, Co. na Mí, mar gheall ar an tionscadal "Braitheoir chun Boinn Lomchaite a Bhrath" a chuir siad i láthair.

Tá Dámhachtainí Fiontar na nDaltaí atá á reáchtáil ag na Boird Fiontar Contae agus Cathrach ar an gcomórtas fiontair is mó do dhaltaí dara leibhéal in Éirinn, agus d'fhéadfadh 16,000 duine páirt a ghlacadh ann. Tugann an comórtas deis den scoth don Oifig dul i dteagmháil le fiontraithe is daltaí dara leibhéal d'fhonn feasacht ar MI a léiriú nuair a bhíonn smaointeamh gnó á fhorbairt acu agus nuair a bhíonn fiontar rathúil á bhunú agus a reáchtáil acu. Bhí na Babhtáí Ceannais Náisiúnta ar siúl i mí Aibreáin 2013 agus fuair an Oifig tacaíocht ó Chumann na nAarnaetha Paitinní agus Trádmarcanna i gcomhair duais speisialta a bhronnadh ar an bhfiontar dalta ar léiríodh ina thuarascáil chomhlánaithe ghnó an fheasacht agus an tuiscint ab fhearr ar MI le haghaidh a ghnó agus le haghaidh pleanáil ghnó. Is iad seo a leanas buaiteoirí na nduaiseanna urraithe do 2013

- An Chatagóir Shóisearach: Faigh an Trealamh, Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh
- An Chatagóir Idirmheánach: *Lyetech*, Coláiste Choilm, Sord, Fine Gall
- An Chatagóir Shinsearach: *Tarrthálaithe Bróg*, Meánscoil Íosa agus Mhuire, Gort na Ráibe, Maigh Eo

Leanfaidh Oifig na bPaitinní de bheith páirteach i nDámhachtainí Fiontar na nDaltaí sa chomórtas in 2013-2014. Is é atá i leabhar oibre an SEA anois ná caibidil nua a bhaineann go sonrach le Maoin Intleachtúil, rud a athdhaingíonn feasacht ar MI i measc daltaí dara leibhéal.

Lean suíomh Gréasáin na hOifige de bheith ar an bpríomh-mhodh chun faisnéis maidir le MI a chur ar fáil don phobal mór. Bealach éifeachtúil chun raon de sheirbhísí idirghníomhacha cuardaigh agus íocaíochta táillí ba ea an suíomh Gréasáin freisin. I gcomparáid leis na figiúirí do 2012, tháinig méadú 7.5% in 2013 ar líon na gcuartheanna ar an suíomh Gréasáin (ó 643,605 in 2012 go 691,799 in 2013) agus tháinig méadú 22% ar líon na gcuartheoirí uathúla (ó 263,267 in 2012 go 322,769 in 2013). Bhí ardlíon amharc leathanaigh go fóill, agus níos mó ná 4.5 milliún amharc in 2013. Bhí na leathanaigh chlárúcháin ar líne ar na leathanaigh ba mhó amharc go fóill, agus bhí méadú 9% ar líon na n-amharc ar an gClár Trádmharcanna idirghníomhacha i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2012 (ó 647,016 cuairt in 2012 go 706,061 cuairt in 2013).

Cuspóir (5)

An fhoireann a aithint mar phríomhshóchmhainn na hOifige agus úsáid a bhaint as pleanáil gnó agus bainistíocht agus forbairt feidhmíochta indibhidiúil le feabhas a chur ar fheidhmíocht agus nósanna imeachta gnó agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht eagraíochtaí.

A bhuí leis an rún daingean leanúnach atá ag an bhfoireann ar gach leibhéal athrú a thionscnamh agus a sholáthar agus leanúint le cleachtais oibre a fheabhsú, tá an Oifig in ann seirbhís éifeachtúil ardchaighdeán a sholáthar, agus níos lú acmhainní foirne aici. Bhí 47 post údaraithe ag an Oifig amhail an 31 Nollaig 2013. B'ionann é sin agus laghdú 2 phost ar an bhfigiúr do 2012. Tar éis sosanna gairme, postroinnt agus socrúithe oibre eile a thacaíonn leis an teaghlach a chur san áireamh, bhí leibhéal foirne de 42.1 coibhéis lánaimseartha ag an Oifig le linn 2013. Leanann líon foirne na hOifige de bheith ag titim bliain i ndiaidh bliana. Ó 2008 ar aghaidh, mar shampla, tá líon foirne na hOifige tar éis titim faoi 34%, is é sin, ó 63 duine go 47 duine faoi láthair. Agus níos lú acmhainní aici, tá an Oifig tar éis glacadh leis an dúshlán a bhaineann le freastal ar ardleibhéil seirbhíse poiblí gan dochar a dhéanamh dá héifeachtacht oibriúcháin. Tá rún daingean ag an Oifig a chinntiú go ndéantar measúnú rialta ar fheidhmíocht na foirne ar fad agus go gcuirtear athbhreithnithe foirne i gcrích ar bhealach tráthúil. De réir an chórais bhainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF) atá i bhfeidhm san Oifig, rinneadh plean forbartha i gcomhair oiliúna a dhréachtú, rud inar cuireadh san áireamh na riachtanais éagsúla oiliúna ar aithin na baill foirne iad a bheith acu ina bpleananna forbartha pearsanta do 2013. Lasmuigh den oiliúint leanúnach ar an láthair oibre, thug an fhoireann faoi 22 lá oibre san iomlán le linn 2013. Cuireadh oiliúint ar fáil i réimsí éagsúla. Mar shampla, oiliúint sna hathruithe ar phróiseas an chórais bhainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF), scileanna teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, scileanna scríbhneoireachta agus Sláinte agus Sábháilteacht. Lean an fhoireann le ról ríthábhachtach a imirt maidir le hídiú fuinnimh san oifig a laghdú, ar aon dul leis an gClár Earnála Poiblí atá i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Is é sprioc an phlean ná ídiú fuinnimh a laghdú, feasacht na foirne ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an trealamh théimh/aerchóirithe. Mar thoradh ar bhearta coigilt fuinnimh atá déanta ag an bhfoireann, tá laghdú 17% tagtha ar ídiú iomlán fuinnimh sa bhliain seo a chuaigh thart (i gcomparáid leis an mbliain 2008, arb í bliain na tagarmharcála) agus tá coigilt iarmhartach tagtha chun cinn i gcostais fuinnimh.

- Tá laghdú 20% tagtha ar ídiú leictreachais sa 12 mhí seo a chuaigh thart (i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2008)
- Tá laghdú 17.5% tagtha ar ídiú breosla sa 12 mhí seo a chuaigh thart (i gcomparáid leis an bhfigiúr do 2008).

Moltar rannpháirtíocht na foirne agus í ag tacú leis an tionscnamh coigilt fuinnimh.

Cuspóir (6)

Ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag fóraim idirnáisiúnta.

Déanann foireann Oifig na bPaitinní ionadaíocht ar Éirinn ar Chomhairle Riaracháin an EPE agus ar a Coistí éagsúla, ar Bhord Riaracháin OCMI agus roinnt dá coistí teicniúla agus idirchaidrimh a bhíonn ag déileáil le ceisteanna éagsúla a bhaineann le maoin intleachtúil. Ina theannta sin, bíonn an fhoireann rannpháirteach i gcrúinnithe chomhlachtaí rialaithe agus teicniúla an Eagraíochta Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) (a riarann an Conradh Comhoibrithe Paitinne agus socrúithe faoi Phrótaic Mhaidrid ag déileáil le hiarratais ar thrádmharcanna idirnáisiúnta) in éineacht le roinnt chonarthaí idirnáisiúnta MI.

Déanann an EPE agus an OCMI slite eile a thairiscint le cosaint MI a fháil san Eoraip agus tá rannpháirtíocht na hOifige leis na heagraíochtaí seo dírithe ar a chinntiú go mbíonn ionadaíocht iomcuí ag leasa na hÉireann, ar fanacht suas chun dáta le dea-chleachtas ag leibhéal idirnáisiúnta agus éascú a dhéanamh ar chomhoibriú le hoifigí eile maoine tinsclaíoch náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá clár chomhair dhéthaobhaigh ag an Oifig le EPO agus le OHIM, clár faoina bhfaigheann an Oifig cúnamh le haghaidh na nithe seo a leanas: páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla atá dírithe ar fheasacht ar MI a ardú, páirt a ghlacadh i sainoiliúint MI, páirt a ghlacadh i dtionscadail TFC arb é is aidhm dóibh malartú sonraí MI a éascú, uirlisí a fhorbairt chun rochtain níos fearr a chur ar fáil ar fhaisnéis MI agus cleachtais agus nósanna imeachta a chomhchuíbhíú. Freastalaíonn ár rannpháirtíocht sna cláir ar chomhphlé a dhéanamh ar ábhar agus ar struchtúr clár comhair idir na heagraíochtaí sin agus oifigí náisiúnta eile MI san Eoraip, rud a chuireann ar chumas na hOifige a seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta.

Comhoibriú Idirnáisiúnta



Bíonn an Oifig rannpháirteach i ngníomhaíochtaí comhoibrithe lena comhpháirtithe idirnáisiúnta, an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Innheánach (OCMI) agus Oifig na bPaitinní Eorpacha ar roinnt tionscadal, a ceapadh le comhchuibhiú a chur chun cinn trí oifigí náisiúnta MI, agus é a bheith níos éasca do lucht úsáide paitinne, trádmharc agus córas dearaidh.

Seo a leanas samplaí de chuid de na tionscadail chomhoibríocha a bhí ar bun i 2013.

IPORTA & INNOVACCESS

Tá comhpháirtí Oifige ag an Oifig freisin i gclár de chuid an AE ar a dtugtar IPORTA a thosaigh i 2012 ina bhfuil 26 Oifig MI Eorpach rannpháirteach, Is breathnadóirí iad an OPE agus an OCMI. Déanann CRP Henri Tudor comhordú ar an gclár thar ceann Oifige MI Luxembourg. Déanann an toinscadal seo iarracht ar chomhoibriú a neartú idir oifigí náisiúnta maoine intleachtúla ó na Ballstáit agus tíortha a bhaineann leo agus cur chun cinn a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus uirlisí a bhaineann le húsaid agus bainistiú cearta maoine intleachtúla. Déanann sé iarracht ar shinerigíocht a thógáil i measc Oifigí náisiúnta MI, le heagraíochtaí tacaíochta gnó náisiúnta agus le páirtithe leasmhara eile MI mar Dheasc Cabhrach IPR na hEorpa agus na Síne agus an Lónra Fiontar Eorpach d'fhonn cabhrú le SMEs comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar MI ina stautéisí gnó agus leas níos fearr a bhaint astu. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.innovaccess.eu.

COMHAR LE OHIM AGUS TIONSCADAL PACÁISTE BOGEARRAÍ

Tá ionadaíocht ag Oifig na bPaitinní in Eirinn ar Ghrúpa Oibre thionscadal Phacáiste Bogearraí an OCMI. Tá se mar aidhm ag an dtionscadal seo sraith uirlisí nua-aimseartha, gréasánbhunaithe a fhorbairt agus a fheidhmiú ag tacú le saolré trádmharcanna agus dearáí.

Baineann an chéad chuid den tionscadal le hiarratais ar thrádmharcanna a chomhdú go leictreonach. Ba sa chéad ráithe de 2014 a cuireadh an córas nua i bhfeidhm san Oifig Éireannach. Cuimseoidh an tionscadal sin an fheidhmiúlacht atá ar fáil trí thionscadail eile de chuid Chiste Comhair OHIM. Mórthairbhe a bhaineann leis an gcóras d'úsáideoirí is ea an dearbhú a fhaigheann siad go nglacfaidh an Oifig le haon téarmaí a roghnaíonn siad ón liosta ceadaithe aicmithe comhchuibhithe in TMclass. Cabhróidh sé sin leis an bpróiseas iarratas a chuíchóiriú agus tabharfaidh sé leibhéal intuathachta d'úsáideoirí. Cuirfidh sé ar chumas na hOifige freisin cinneadh níos tapa a dhéanamh ar iarratas ar chosaint trádmhairc. Cabhróidh an córas freisin leis an bpróiseas scrúdúcháin agus déanfar cinntí níos tapa ar iarratais ar chosaint trádmhairc mar thoradh air.

Tá súil ag an Oifig obair a chur i gcrích ar dhá chás eile FSP in 2014; is iad sin; Designview agus Ríomhchomhdúchán Dearaí.

CLÁR CÓINEASAITHE OHIM

Le linn na bliana, ghlac an Oifig páirt i gClár Cóineasaithe OHIM, a fhéachann le cleachtas agus le nósanna imeachta a chomhchuibhiú ar fud gach Oifige Trádmharcanna sa Chomhphobal Eorpach i réimsí nach dteastaíonn aon athrú reachtaíochta uathu. Is é aidhm an chlár ná soiléireacht, cinnteacht dhlíthiúil, cáilíocht agus inúsáidteacht a bhunú agus a chur in iúl don iarratasóir agus do na hoifigí rannpháirteacha araon i roinnt réimsí tábhachtacha. Sa bhliain 2013, leanadh de bheith ag obair ar chúig thionscadal a bhain go sonrach le trádmharcanna agus ghlac baill foirne na hOifige seo páirt sna Grúpaí Oibre do gach ceann acu. Is iad seo a leanas na cúig thionscadal sin:

CP1 – Aicmiú earraí agus seirbhísí a chomhchuibhiú;

CP2 – Cinn Aicmiú Nice a Chóineasú;

CP3 – Glanfhórais le diúltú i ndáil le marcanna fíoracha;

CP4 – Raon na cosanta do mharcanna dubha agus bána;

CP5 – Cleachtas a chóineasú maidir le forais choibhneasta le diúltú a rochtain maidir leis an dóchúlacht go mbeidh mearbhall ann

Rinneadh dul chun cinn ar gach ceann de na tionscadail agus thángthas ar chomhaontú maidir leis na príomh-shaincheistean. Eisíodh Teachtaireachtaí Coiteanna maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar athruithe i sreabhadh cleachtais ón gcás ‘Aistritheoir MI’ agus ar chleachtas nua a bhain le Léirithe Ginearálta ar Chinn Aicmiú Nice. D’fhoilsigh an Oifig nóta freisin maidir le Sonraí Ginearálta Do-Ghlactha Aicmiú Nice.

Cuireadh tús le linn 2013 le hobair chun cleachtas a chóineasú i ndáil le Dearaí agus tá an Oifig páirteach sa chéad dá thionscadal – Tionscadal CP6 (Léiriú Grafach Dearaidh), arb é is aidhm dó cleachtas a chomhchuibhiú i ndáil le léiriú grafach iarratais dearaidh, agus Tionscadal CP7 (Sonraí Táirgí a Chomhchuibhiú), a dhíreoidh ar bhunachar sonraí comhchuibhithe um léiriú táirgí a chruthú. Ag deireadh an Chláir, táthar ag súil go mbeidh seirbhís níos fearr á soláthar ag an Oifig seo, rud lena ngabhfadh cur chuige níos comhsheasmhaí agus níos trédhearcaí agus leibhéil mhéadaithe tuarhachta (agus cinnteacht i réimsí cuí) d’úsáideoirí, rud a mhéadóidh an dóchúlacht go “n-éireoidh linn sa chéad ásc”.

FOILSEACHÁIN

Suíomh gréasáin Oifig na bPaitinní: www.patentoffice.ie

Soláthraíonn an suíomh gréasáin réamhrá ginearálta do mhaoin intleachtúil agus eolas sonrach ar conas do smaointe a chosaint agus tá rannán ann ar MI do ghnó.

Áirítear ar an ábhar atá foilsithe ar an ngréasán tuarascálacha bliantúla ó bhlianta roimhe seo, réimse de leabhráin fhaisnéise MI, ráiteas reatha straitéise na hOifige agus plean gníomhaíochta seirbhíse do chustaiméirí agus gach reachtaíocht phríomha agus thánaisteach a rialaíonn feidhmeanna Oifig na bPaitinní.

Tá na seirbhísí seo a leanas ar fáil ar líne:


- Cláir agus Bunachair Sonraí d’Amharc agus do Chuardach – cuardach do phaitinní, trádhmarcanna, dearáí
- Rochtain agus amharc ar chlár chomhlachtaí cheadúnaithe chóipchirt
- Rochtain agus amharc ar chlár na ngníomhairí paitinne agus trádhmarcanna
- Íoc do tháillí paitinne, trádmhairc nó dearaidh ar líne.
- Íoc do tháillí ceadaithe paitinne agus cláraithe trádmharc ar líne
- Amharc ar chinntí an Rialtóra i gcásanna trádhmarcanna idirpháirtíoch

An Iris Oifigiúil

Tá innéacs inchuadaithe ag gach eagrán den Iris, in éineacht le heolas ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hiarratais agus clárú paitinní, trádhmarcanna agus dearáí. Mar shampla, is féidir leat féachaint ar shonraí de thrádhmarcanna agus dearáí san Iris ar glacadh leo. Tá mionsonraí san Iris freisin ar phaitinní ar cuireadh isteach orthu, a foilsíodh agus a tugadh, ar a n-áirítear paitinní a tugadh faoi Choinbhinsiún Paitinne na hEorpa ag ainmniú Éire.

Tá eolas san Iris freisin mar fhógraí oifigiúla, mionsonraí ar mhódhanna íocaíochta táillí reachtúla agus uaireanta oscailte Oifig na bPaitinní. I rith 2012, tugadh saoráid idirghníomhach i gceist maidir leis an irisleabhar ar líne a cheadaíonn d’údáideoirí rochtain a fháil ar an gClár agus aon phaitinn, trádmharc nó dearadh ar leith atá san irisleabhar a bhaint amach trí chliceáil ar an hipearnasc laistigh den irisleabhar.

Eagrú, Struchtúr agus Pearsanra



FOIREANN AR SEIRBHÍS AR AN 31 NOLLAIG 2013


Líon na bpost	Foireann
1	Ceannasaí
1	Príomhoifigeach Cúnta
1	Scrúdaitheoir Sinsearach Paitinne
4	Ardoifigeach Feidhmiúcháin
1	Oifigeach Riaracháin
3	Scrúdaitheoir Paitinne
17	Oifigeach Feidhmiúcháin
1	Oifigeach Foirne
17	Oifigeach Cléireachais
1	Oifigeach Seirbhísí
47	

A chuimsíonn 14 foirne (2 Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 6 Oifigeach Feidhmiúcháin, 1 Oifigeach Riaracháin agus 5 Oifigeach Cléireachais) a bhain feidhm as scéim oibre i bpáirt a cheadaíonn patrúin éagsúla tinnrimh. Bhain triúr feidhm as scéim teileaoibre a cheadaíonn dóibh cuid dá ndualgas a chomhlíonadh ó bhaile ar feadh cuid den tseachtain. Ar an 31ú Nollag 2013 bhí comhionann le 42.1 phost iomlán san Oifig.


Solátharíonn an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta seirbhísí teicneolaíochta faisnéise don Oifig. Ina theannta sin tá triúr ball d'fhoireann Aonaid TF an Roinn (1 AF, 1 OF agus 1 OC) ag soláthar seirbhísí teicneolaíochta faisnéise don Oifig.

Staidreamh Gnó - PAITINNÍ

Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní ón tír den chéad iarratasóir




■ Iarratasóirí IE
■ Iarratasóirí Eachtrannacha



Iarratais ar Phaitinní faoi contae í 2013

BLIAIN	IARRATAIS FAIGHTE			PAITINNÍ DEONTA		
	Ar Théarma Iomlán (20 bliain)	Ar Ghearr-théarma (10 mbliana)	IOMLÁN	Do Théarma Iomlán 20 bliain	Do Ghearr-théarma (10 mbliana)	IOMLÁN
2011	230	331	561	114	136	250
2012	216	338	554	101	89	190
2013	135	255	390	116	98	214

Iarratais ar Phaitinní agus Deontais 2011-2013



Ar an an 31 Nollaig 2013, bhí 1,297 iarratas san iomlán ar feitheamh idir lámha. Díobh seo, bhí 286 iarratas ag fanacht go gcuirfí isteach fianaise ar nuagacht.

Fuarthas 333 iarratas ó iarratasóirí sa Stát i 2013 i gcomparáid le 492 i 2012.

Paitinní a deonadh i 2013 a raibh feidhm leo sa Stát


2013	Líon	Líon na bpaitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát	% de na paitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát
Deonta ag an Oifig	214	155	72%
Deonta ag EPE	56,025	197	0.35%
Iomlán Deonta	56,239	352	0.62%

Níl iarratais Eorpacha le sainiú ar Éirinn (cuireadh an deis seo ar fáil don chéad uair i 1992) san áireamh sna cairteanna thuas ach seo thíos na figiúirí fana gcoinne:-

BLIAIN	Comhadaithe	BLIAIN	Comhadaithe	BLIAIN	Comhadaithe
1992	11,755	2000	76,806	2008	133,248
1993	35,762	2001	103,659	2009	128,378
1994	40,705	2002	96,779	2010	146,726
1995	44,161	2003	104,529	2011	141,373
1996	52,755	2004	111,537	2012	147,551
1997	41,875	2005	117,096	2013	147,487
1998	61,584	2006	123,912		
1999	65,708	2007	129,890		

Iontráladh na paitinní seo i gClár Náisiúnta na bPaitinní. Tá an seasamh céanna dlíthiúil acu in Éirinn is a bheadh dá mbeidís deonta ag m'Oifig-se.

Iarratais Eorpacha a rinne sainiú ar Éirinn



Nithe eile a bhaineann le Clár na bPaitinní

	2011	2012	2013
Paitinní agus iarratais ar phaitinní ina n-ábhar sannta (Alt 85 d'Acht na bPaitinní 1992)	826	932	833
Paitinní cúlghairthe	0	0	0
Paitinní tugtha suas	0	3	3
Paitinní tite ar lár	23,307	32,193	41,337
Paitinní curtha ar ais	15	14	18
Paitinní athnuaite	42,023	42,586	42,242
Paitinní éagtha	467	636	979
Paitinní i bhfeidhm	88,044	96,899	110,486

Éisteachtaí agus Ilnithe

	2011	2012	2013
Éisteachtaí	1	0	0
Iarratais Idirnáisiúnta um Comhoibriú Paitinne (PCT) a fuarthas le cur chuig WIPO	67	54	26
Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a fuarthas le cur chuig EPO	27	7	1

Iarratais ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha

Fuarthas 63 iarratas san iomlán ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha i rith na bliana faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Deimhnithe Cosanta Forlíontacha), 1992 (míochaineach) agus 1996 (táirgí cosanta plandaí).

I rith na bliana, deonadh 29 deimhniú (cosaint míochaineach agus plandaí), diúltaíodh do 3 iarratas agus tarraingíodh siar 8 iarratas. Ag deireadh na bliana bhí 146 iarratas ar feitheamh.

Clár na nGníomhairí Paitinne

Ag deireadh na bliana 2013, bhí 84 duine aonair agus 5 comhpháirtíochtaí iontráilte i gClár na nGníomhairí Paitinne.

AICMIÚ AR NA PAITINNÍ A DHEONAIGH AN OIFIG SA BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2013 DAR LEIS AN AICMIÚ IDIRNÁISIÚNTA PAITINNE (AIP)

Nóta ar Aicmiú Paitinne


Déantar aicmiú ar phaitinní bunaithe ar a n-ábhar teicniúil. Ceadáíonn aicmiú den chineál sin aisghabháil paitinní de réir nádúr na n-aireagán a nochtar iontu. Is é an tAicmiú Idirnáisiúnta Paitinne (AIP) an córas caighdeánach do rangú paitinne. Tá sé comhdhéanta de thart ar 70,000 siombal aicmithe roinnte ar 8 rannóg bunúsacha (A go H), a bhaineann le cineálacha difriúla bunúsacha teicneolaíochta. I 2013, bhí sé ina 11ú eagrán (Int. Cl. (2011)).

Tugtar cód aicmithe ar gach ní airgtheach i bpaitinn. Is féidir dhá aireagán nó níos mó a bheith i bpaitinn chomh fada is atá leorghaol eatarthu; mar shampla, comheascán nua ceimice agus a úsáid mar mhíochaine nó mar luibhicíd, nó léasar nua agus a úsáid i máinliacht súl nó léamh sonraí. Dá réir sin, is féidir go dteastódh líon áirithe siombal aicmiúcháin lena n-ábhar ar fad a chlúdach. Déanann an tábla agus an graf atá leis seo comhordú ar líon iomlán na n-aicmí a leithdháileadh do phaitinní i 2013. Seasann gach rangú ar leith do ní airgtheach a nochtar i bpaitinn, agus dá bhrí sin is ionann seo cuid mhaith agus cuntas scóir ar airgtheacht. Tá na haicmí curtha i ngrúpaí de réir rannóga AIP.

AICMIÚ	An líon deonuithe san Aicmiú *
A. RIACHTANAIS DAONNA m.sh. Ábhair bia, Sláinte, Nithe Pearsanta.	91
B. FEIDHMIÚ OIBRÍOCHTAÍ; IOMPAR: m.sh. Teicneolaíocht múnlaíthe, priontála, feithicle.	92
C. CEIMIC; MIOTALÓIREACHT	28
D. TEICSTÍLÍ; PÁIPÉAR	1
E. TÓGÁIL SHEASTA: m.sh. Foirgníocht, druileáil, mianadóireacht.	74
F. INNEALTÓIREACHT MHEICNIÚIL; SOILSIÚ; TÉAMH, ARMÁIN; PLÉASCADH	56
G. FÍSIC: m.sh. Optaic, ríomhaireacht, fisic núicléach.	46
H. LEICTREACHAS: m.sh. Ciorcaid leictreonacha, giniúint agus dáileadh leictreachais.	26


* Nóta:- Toisc gur féidir paitinn a dheontar a bheith aicmithe i níos mó ná réimse amháin teicneolaíochta, beidh líon na rangaithe ina mbeidh aireagán níos mó ná líon na bpaitinní a dheontar.

Aicmithe de réir Choidanna IPC do Phaitinní Deonaithe in 2013




Staidreamh Gnó - TRÁD MHARCANNA

Iarratais Náisiúnta
Trádmharcanna ón tír den chéad
iarratasóir




■ Iarratasóirí IE
■ Iarratasóirí Eachtrannacha




Iarratais ar Thrádmharcanna faoi contae í 2013

BLIAIN DAR CHRÍOCH	Iarratais Náisiúnta				Clárúcháin Idirnáisiúnta ina sainíodh Éire			
	Iarratais a Fuarthas	Fógraithe	Curtha ina gCoinne	Dearaí cláraithe	Iarratais a Fuarthas	Fógraithe	Curtha ina gCoinne	Cosanta
2011	2,251	1,803	71	1,783	1,410	1,021	16	1,069
2012	2,210	1,781	61	1,648	1,250	1,290	12	1,260
2013	2,354	1,650	32	1,486	1,427	1,103	17	1,075

Trádmharcanna Náisiúnta 2011 – 2013



Trádmharcanna Idirnáisiúnta 2011 – 2013



Nithe eile a bhaineann le Clár na dTrádmharc

	2011	2012	2013
Líon na dtrádmharc ina n-ábhar sannta	1,853	1,427	1,458
Líon na gceadúnas ar thrádmhairc taifeadta sa chlár	66	50	6
Clárúcháin Trádmharc asbhainte de dheasca neamhíocaíocht na dtáillí athnuachana	3,684	3,824	3,395
Clárúcháin trádmharc tugtha suas	29	12	7
Clárúcháin trádmharc tugtha ar ais	13	8	8
Clárúcháin trádmharc athnuaite	4,270	4,874	4,053
Trádmhairc Náisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	5	7	9
Trádmhairc Idirnáisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt	0	5	3
Trádmhairc Náisiúnta fógraithe neamhbhailí	2	0	1
Trádmhairc Idirnáisiúnta fógraithe neamhbhailí	0	0	0
Trádmhairc náisiúnta cláraithe i bhfeidhm	65,884	63,674	61,737
Trádmhairc Idirnáisiúnta i bhfeidhm	23,740	23,964	22,988
Iomlán na dTrádmharc i bhfeidhm	89,624	87,638	84,725

Éisteachtaí agus Ilnithe

	2011	2012	2013
Éisteachtaí (<i>ex-parte</i>)	6	6	6
Éisteachtaí (<i>idir-partes</i>)	15	7	12
Eisteachtai (<i>idir-partes ar mhodh aighneacht i scríbhinn</i>) **	n/a	7	14
Iarratais le hiarratais Trádmhairc na bPobal Eorpacha a aistriú go hiarratais náisiúnta	60	42	32
Iarratais idirnáisiúnta trádmhairc ina raibh Éire ina hOifig Tionscnaimh comhadaithe atá curtha chuig WIPO	63	46	70
Iarratais Chomhphobail comhadaithe tríd an Oifig agus a cuireadh ar aghaidh chuig an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (OHIM)	1	1	0

****Léirítear san fhíor seo líon na n-imeachtaí idir na páirtithe a cinneadh bunaithe ar aighneachtaí i scríbhinn in ionad bheith i láthair ag éisteacht. Tugadh an nós imeachta sin isteach den chéad uair in 2012.**

Clár na nGníomhairí Trádmhairc

Ag deireadh na bliana 2013, bhí 205 duine aonair agus 4 comhpháirtíocht iontráilte ar an gClár.

**AICMIÚ IDIRNÁISIÚNTA AR EARRAÍ AGUS AR SHEIRBHÍSÍ INA GCUIRTEAR NA
MARCANNA A CLÁRAÍODH IN 2013**


Rinne conradh iltaobhach ar a ghairtear “Comhaontú Nice Maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna”. Tá Aicmiúchán Nice comhdhéanta de 45 ceannteideal aicmiúcháin a dhéanann cur síos an-leathan ar nádúr na n-earraí nó na seirbhísí atá i ngach ceann de na 34 aicme earraí agus na 11 aicme seirbhísí inar féidir trádmharcanna a chur. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (an deichiú ceann) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2012.

Aicme	Aicmiúchán Earraí	Líon na marc san	Aicme	Aicmiúchán Earraí	Líon na marc san aicme
1	Táirgí Ceimiceacha, srl.	35	24	Fíocháin (gréasáin), srl.	16
2	Péinteanna, srl.	74	25	Éadaí, ag áireamh Buataisí, Bróga agus Slipéir	84
3	Ullmhóidí Tuartha, srl.	75	26	Lása agus Bróidnéireacht, srl.	10
4	Olaí Tionsclaíochta, srl.	19	27	Cairpéid, srl.	13
5	Substaintí Cógaisíochta, srl.	155	28	Cluichí, srl.	35
6	Miotail Choitianta agus a gcóimhiotail Neamhoibrithe agus Páirt Oibrithe	40	29	Feoil, Iasc, Éineoil agus Géim, srl.	199
7	Meaisíní agus Inneal Úirlisí, srl.	24	30	Caifé, Tae, Cócó, Siúcra, Rís, srl.	205
8	Uirlisí agus Ionstraimí Láimhe, Sceana, srl.	17	31	Táirgí Talmhaíochta, srl.	55
9	Fearas agus Ionstraimí Eolaíochta, srl.	167	32	Beoir, srl.	80
10	Uirlisí Máinliachta, srl.	17	33	Fíonta, Biotáille agus Licéir	53
11	Fearas Soilsithe	30	34	Tobac, srl.	24
12	Feithiclí; Fearas Gluaiseachta ar Thalamh, san Aer agus ar Uisce	19	35	Fógraíocht, Bainistiú Gnó, srl.	198
13	Airm Thine, Lón Lámhaigh agus Diúracáin; Substaintí Pléascacha; Spréachairí	0	36	Árachas, Gnóthaí Airgeadais, srl.	84
14	Miotail luachmhara agus a gCóimhiotail, srl.	28	37	Tógáil Foirgníochta, Deisiúchán, l Seirbhísí suiteála.	47
15	Uirlisí Ceoil (seachas meaisíní cainte agus fearas raidió)	1	38	Teileachumarsáidí	54
16	Páipéar, srl.	158	39	Iompar, Pacáistiú agus Stóráil Earraí, srl.	66
17	Guma Peirc, Cúitiúc, srl.	11	40	Cóiriú Ábhar	18
18	Leathar, srl.	27	41	Oideachas, Siamsaíocht, srl.	245
19	Ábhair Thógála, srl.	28	42	Seirbhísí eolaíochta agus teicneolaíochta	100
20	Troscán, Srl.	32	43	Soláthar bia agus dí	107
21	Acraí Beaga Tí, srl.	54	44	Seirbhísí míochaine, srl.	84
22	Rópaí, srl.	5	45	Seirbhísí pearsanta agus sóisialta	44
23	Snáitheanna	3			

Staidreamh Gnó - DEARAÍ

	2011	2012	2013
Iarratais ar Dhearaí*	46	67	61
Líon na ndearaí iarrtha*	86	187	185
Dearaí cláraithe	112	151	167
Dearaí tite ar lár	74	67	253
Dearaí athnuaithe (Acht 1927)	85	5	0
Dearaí athnuaithe (Acht 2001)	13	127	46
Dearaí i bhfeidhm (Acht 1927)	715	489	351
Dearaí i bhfeidhm (Acht 2001)	937	1,012	1,112


*Nóta- Déanann Riall 19 de Rialacháin um Dhearadh Tionsclaíoch 2002 soláthar gur féidir 2 dhearadh nó níos mó faoi réir ag uaslíon de 100 dearadh a bheith comhcheangailte in aon iarratas amháin ar chlárú dearaí.



Iarratais ar Dhearaí faoi contae í 2013

	2011	2012	2013
Iarratais Chomhphobail comhadaithe trí Oifig na bPaitinní agus a cuireadh ar aghaidh chuig an Oifig um Chomhchuíbhiú sa Mhargadh Inmheánach (O.C.M.I.)	2	3	0

Iarratais Dearaidh agus Clárúcháin 2011 – 2013



DEARAÍ A CLÁRAÍODH FAOI ACHT DEARADH TIONSCLAÍOCH, 2001 I GCAITHEAMH NA BLIANA DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

Bhunaigh conradh iltaobhach dá ngairtear “Comhaontú Locarnó ag bunú Aicmiúcháin Idirnáisiúnta do Dhearáí Tionsclaíocha” córas aicmiúcháin do dhearáí tionsclaíocha. Tá Aicmiú Locarnó comhdhéanta de liosta de 32 cineál earraí inar féidir dearáí tionsclaíocha a ionchorprú. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (an naoú ceann) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2009.

Rang	Aicmiúchán	Dearáí Cláraithe
1	Ábhair Bia	9
2	Baill éadaigh agus Mionéadaí	21
3	Earraí Taistil, Cásanna, Parasóil agus Earraí Pearsanta, nach bhfuil sonraithe in áit eile	4
4	Earraí scuaibe	2
5	Earraí Gréasáin Teicstíle, Leatháin Shaorga agus Nádúrtha	0
6	Feistis	26
7	Earraí Tí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	3
8	Uirlisí agus Crua-earraí	0
9	Pacáistí agus Gabhdáin d'Iompar nó do Láimhseáil Earraí	5
10	Cloig, Uaireadóirí agus Ionstraimí eile Tomhais, Ionstraimí Seiceála agus Comharthaíochta	1
11	Earraí Maisiúcháin	40
12	Modhanna Iompair nó Árdaithe	2
13	Trealamh do Tháirgeadh, Dáileadh nó Tarchur Leictreachais	0
14	Trealamh chun Taifeadadh, Cumarsáide nó Aisghabháil Faisnéise	4
15	Meaisíní, nach bhfuil sonraithe in áit eile	2
16	Gaireas Fótagrafaíochta, Cineamatagrafaíochta agus Optaice	0
17	Uirlisí Ceoil	1
18	Meaisíní Priontála agus Oifige	0
19	Stáiseanáireacht agus Trealamh Oifige, Ábhair Ealaíontóirí agus Múinteoireachta	5
20	Trealamh Díolacháin agus Fógraíochta, Comharthaí	0
21	Cluichí, Bréagáin, Pubail agus Earraí Spóirt	1
22	Airm, Earraí Piortheicniúla, Earraí chun Fiaigh, Iascaireachta agus Marú Lotnaidí	1
23	Trealamh Dáilithe Leachta, Trealamh Sláintíochta, Téimh, Aerála agus Aerchóirithe, Breosla Soladach	0
24	Trealamh Míochaine agus Saotharlainne	0
25	Aonaid Foirgníochta agus Eilimintí Tógála	13
26	Fearas Soilsithe	2
27	Tobac agus Soláthairtí do Lucht Caite Tobac	0
28	Táirgí Cógaisíochta agus Cosmáide, Earraí agus Fearas Maisiúcháin	5
29	Gléasanna agus Trealamh in aghaidh Guaise Tine, Cosc ar Thionóisc agus chun Tarrthála	0
30	Earraí um Chúram agus Láimhseáil Ainmhithe	3
31	Meaisíní agus Fearas Ullmhúcháin Bia agus Dí, nach bhfuil sonraithe in áit eile	0
32	Siombalacha Grafacha agus Comharthaí, Patrúin Dreacha, Ornadaíocht	22
	IOMLÁN	172*

*Is féidir dearadh a bheith cláraithe i níos mó ná aicme amháin, agus dá bhrí sin sáraíonn líon na ndearaí sna ranganna líon na ndearaí atá cláraithe.

Staidreamh Gnó - CÓIPCHEART

Díospóidí a cuireadh faoi bhráid an Cheannasaí faoin Acht Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara, 2000

Faoi Alt 38 den Acht, is féidir díospóidí idir dhaoine a sheinneann taifid fuaime go poiblí agus úinéir an chóipchirt atá sna taifid, maidir le luach saothair chóir iníoctha le húinéir an chóipchirt, a chur faoi bhráid an Rialtóra le cinneadh a dhéanamh.

Faoi Alt 152 den Acht, nuair a éiríonn díospóid idir bhainistíocht scéim cheadúnais maidir le saothar cóipchirt, agus duine a éilíonn gur gá dó nó dí ceadúnas faoin scéim, tig leis an duine sin, nó leis an mbainistíocht an scéim a chur faoi bhráid an Rialtóra le cinneadh a dhéanamh.

	Líon na ndíospóid a cuireadh faoi bhráid an Cheannasaí mar a bhí ar an 31/12/2013	Líon na dtarchur nua a fuarthas in 2013	Líon na gcás ar deineadh coinnead orthu	Cásanna <ul style="list-style-type: none">• tarraingthe siar• a measadh a bheith neamhbhailí• a bhí dúnta	Líon na gcás ar feitheamh ar an 31/12/2013
Díospóidí a cuireadh isteach faoi Alt 38 (4)	0	0	0	0	1
Díospóidí a cuireadh isteach faoi Alt 152	2 ⁽¹⁾	1	0	1	2 ⁽¹⁾

⁽¹⁾ I gcás thagairtí Alt 152 a bhí ar feitheamh ag tús na bliana 2013, rinne an t-eadránaí dámhachtain tosaigh an 8 Deireadh Fómhair 2013 agus dámhachtain deiridh an 30 Aibreán 2014.

Cláir: Déanann an tAcht soláthar chomh maith dom leis na Cláir seo a leanas a bhunú agus a chothabháil;

- Clár de na Comhlachtaí Ceadúnúcháin Cóipchirt
- Clár de na Comhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta Maoin Thaibheoirí
- Clár de na Comhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta do Bhunachair Sonraí

Go dtí seo tá 13 comhlacht cláraithe sa Chlár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Cóipchirt agus 1 (ceann amháin) sa Clár de na Comhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta Maoin Thaibheoirí

REACHTAÍOCHT

Tá freagracht ar Aonad Maoine Intleachtúla na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta maidir le polasaí agus ullmhú reachtaíochta a bhaineann le maoin intleachtúil.

Reachtaíocht a aghaidh in 2013

CÓIPCHEART

AE (TÉARMA COSANTA CÓIPCHIRT AGUS CEARTA GAOLMHARA ÁIRITHE) I.R. UIMH. 411 DE 2013.

Déantar leis na Rialacháin sin Treoir 2011/77/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2011, lena leasaítear Treoir 2006/116/CE maidir leis an téarma cosanta cóipchirt agus cearta gaolmhara áirithe a thrasú i ndlí na hÉireann. Déantar leis na Rialacháin an téarma cosanta atá ag taibheoirí agus ag léiritheoirí taifeadtaí fuaime a shíneadh ó 50 bliain go 70 bliain. Cuirtear chun feidhme leis na Rialacháin rialacha comhchuibhithe lena rialaítear an téarma cosanta cóipchirt i bpíosaí ceoil ina bhfuil focail i.e. sa chás nach ionann an liriceoir agus an cumadóir.

FAISNÉIS AIRGEADAIS

FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS – AN BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

Fáltais	€000
Táillí Paitinne (Nótaí 1 & 2)	5,772
Táillí Trádmhairc	1,391
Clárúchán ar Thrádmhairc Idirnáisiúnta – táillí a fuarthas ó WIPO (Nóta 3)	1,247
Táillí Dearaidh	12
Táillí eile	133
Lúide aisíochtaí i leith táillí a íocadh i ndearmad	65
Lúide táillí idirbhearta i leith íocaíochtaí ar-líne le cártaí creidmheasa	111
Fáltais ghlan fabhraithe don Státchiste	8,379

Costais	€000
Tuarastail	1,839
Taisteal & Cothabháil	37
Ilnithe & Focostais	52
Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide	114
Meaisíní Oifige agus Soláthairtí eile Oifige	225
Costais Áitreabh Oifige	88
Foinsí eolais, leabhair, tréimhseacháin, srl.	0
Síntiúis do Chumainn Mhaoine Tionsclaíocha	389
IOMLÁN	2,744

Nóta 1:

Ag teacht leis an gCoinbhinsiún don Phaitinn Eorpach, ina bhfuil Éire rannpháirteach, tá ar Oifig na bPaitinní 50% de na táillí uile athnuachana a fhaightear i leith Paitinní Eorpacha a ndearnathas bailí orthu in Éirinn agus atá iontráilte ar chlár náisiúnta na bpaitinní, a chur chuig Oifig Paitinní na hEorpa.

	[€000]
Táillí Paitinne	10,975
Lúide an cion de na táillí athnuachan paitinne a aistríodh go hOifig na bPaitinní Eorpacha	5,203
Táillí Paitinne glan fabhraithe don Státchiste.	5,772

Nóta 2:

Feidhmíonn Oifig na bPaitinní mar Oifig fháltais d'íarratais ar phaitinní a dhéantar faoin Chonradh Comhair Paitinní agus sa cháilíocht sin faigheann sí táillí le tarchur chuig Oifig Paitinní na hEorpa agus chuig An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil araon. Ní fhabhraíonn na táillí do Státchiste na hÉireann agus dá bhrí sin níl siad san áireamh sa bhfigiúr ar an bhfáltais glan. Seo a leanas mionsonraí ar na táillí a aistríodh chuig an EPO agus an WIPO i rith 2013:.

	[€000]
Táillí Bunaigh agus Sainithe CCP tarchurtha chuig WIPO, an Ghinéiv.	33
Táillí cuardaigh CCP tarchurtha chuig EPO, Munich.	47
IOMLÁN	80

Nóta 3:

De bhun daingnithe na hÉireann ar an bPrótacal maidir le Comhaontú Maidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta ar Mharcanna (Prótacal Maidrid) ar an 19 Iúil 2001, faigheann an Oifig táillí dlite i leith íarratas Idirnáisiúnta Trádmhairc a lorgaíonn cosaint in Éirinn, ón Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO).

SPRIOCANNA FEIDHMIÚCHÁIN 2013

Réimhse Gníomhaíochta agus Leibhéal Bainte Amach

Paitinní

1	Admhálacha foirmeálta a eisiúint ar chomhadú iarrataisí foirfeacha laistigh de 5 lá oibre.	71%	7	Iarrataisí Eorpacha agus PCT agus sonraí bainteach leo a thraschur go dtí EPO/WIPO laistigh de 5 lá oibre ó fhaightear iad.	100%
2	Cóipeanna deimhnithe de dhoiciméid phaitinne a eisiúint laistigh de 5 lá oibre i ndiaidh iarraidh a fháil ar a leithéid.	97%	8	Deonú paitinní gearrthréimhseacha a cheadú laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis d'iarratas cuí iomlán a bheith comhdaithe.	97%
3	Eisiúint na dteastas athnuachan paitinne laistigh de 3 lá oibre i ndiaidh fáil na híochaíochta.	100%	9	Tar éis gach doiciméad riachtanach agus freagraí ar agóidí oifigiúla a fháil a bhaineann le hiarratais ar phaitinní, cinneadh a ghlacadh maidir le paitinn a dheonú nó a dhiúltú laistigh de dhá mhí.	94%
4	Iarratais ar chlárú sannaithe a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas atá comhlánaithe go hiomlán agus i gceart a bheith tagtha isteach.	100%	10	A chinntiú go n-eisítear fógra i dtaobh fabhtaí foirmeálta laistigh de 15 lá oibre tar éis comhdaithe.	92%
5	Dearbhú a eisiúint go bhfuil iarratais ar leasuithe ar chlár na bpaitinní maidir le hainmneacha agus seoltaí iarratasóirí, úinéirí agus gníomhairí paitinne agus seoladh na seirbhíse taifeadta laistigh de 5 lá oibre tar éis iarratas atá comhlánaithe i gceart a fháil.	98%	11	Fógra maidir le lochtanna substainteacha a eisiúint laistigh de 2 mhí ón gcomhdúchán	99%
6	Paitinní a dheonadh laistigh de 5 lá oibre ó fháil na táille deonaithe.	99%	12	90% de na hiarratais neamhrannóige ar fad ar phaitinní a aicmiú lena bhfoilsíú laistigh de 18 mhí tar éis an dáta comhdúcháin tosaíochta.	65%

Deimhnithe Cosanta Forlíontacha

1	Fógra ar mháchailí foirmeálta a eisiúint laistigh de 10 lá oibre ón dáta comhdaithe.	100%	2	Admhála a eisiúint ar iarrataisí foirfeacha DFC ceartchomhdaithe laistigh de 5 lá oibre.	92%
---	--	------	---	--	-----

Dearaí

1	Admhálacha foirmeálta comhdaithe a eisiúint laistigh de 5 lá oibre ar iarratais ar dhearaí atá comhlánaithe i gceart.	67%	4	Deimhnithe athnuachana dearaidh a eisiúint laistigh de 3 lá oibre oibre tar éis an íochaíocht a fháil.	100%
2	Litr tosaigh agóidí / litir glactha a eisiúint laistigh de 12 sheachtain tar éis an t-iarratas a fháil.	100%	5	Deimhnithe clárúcháin dearhtai a eisiúint laistigh de 5 lá oibre tar éis don rannóg scrúdaithe an t-iarratas a ghlacadh	95%
3	Freagra a thabhairt ar 95% de na chomhfhreagras ar iarratais aonair faoi scrúdú laistigh de 5 seachtaine.	100%			

Réimhse Gníomhaíochta agus Leibhéal Bainte Amach

Trádmharcanna

1	Admhálacha foirmeálta a eisiúint ar iarratais ar thrádmharcanna atá comhlánaithe i gceart laistigh de 7 lá oibre.	70%	10	Cóip d'fhógra ar agóid, iarratas ar aisghairm mar gheall ar neamhúsáid, nó dearbhú neamhbhailíochta a eisiúint chuig gach páirtí bainteach leis an chas taobh istigh de 2 seachtain ó fhaightear iad.	100%
2	Iarratais ar shannadh a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas atá comhlánaithe go hiomlán a fháil.	100%	11	Freagra a thabhairt laistigh de 3 seachtaine ar 95% den chomhfhreagras scríofa ar fad maidir le hiarratais aonair atá á scrúdú.	100%
3	Cóipeanna deimhnithe agus sleachta as Clár na dTrádmharc a eisiúint laistigh de 5 lá tar éis an iarratais.	100%	12	Freagra a thabhairt ar iarrataí aonair ar shíneadh ama roimh an sprioc ama reatha, i gcás go ndéantar na hiarrataí sin tráth nach déanaí ná 2 sheachtain roimh dhul in éag na sprice ama reatha.	100%
4	Deimhnithe athnuachana ar thrádmhairc a chur amach laistigh de 3 lá oibre tar éis an íocaíocht a fháil.	100%	13	Trádmharcanna a chlárú laistigh de 5 lá oibre tar éis an táille clárúcháin	97%
5	Dearbhú a eisiúint go bhfuil taifeadadh déanta ar iarratais ar leasuithe ar Chlár na dTrádmharcanna i ndáil le hainmneacha agus seoltaí úinéirí agus gníomhairí trádmharcanna agus seoladh na seirbhíse laistigh de 5 lá oibre tar éis iarratas atá comhlánaithe i gceart a fháil.	100%	14	Cúinsí scríofa a eisiúint faoi chinntí in éisteachtaí laistigh de 2 mhí tar éis na héisteachta.	75%
6	Glacadh (le haghaidh fógraíocht san Iris) le hiarratais ar thrádmharcanna taobh istigh de 3 mhí ón dáta comhdaithe i gcásanna nár chuir an Oifig aon rud ina gcoinne.	100%	15	Cinnithe in éisteachtaí a eisiúint laistigh de mhí amháin tar éis na héisteachta.	93%
7	Litr tosaigh agóidí/glactha a eisiúint laistigh de 12 sheachtain tar éis iarratas nua a fháil sa Rannóg.	100%	16	Iarratas ar íocaíocht táillí clárúcháin a eisiúint laistigh de 7 lá oibre ó dheireadh na tréimhse inar féidir achomharc a chomhdú sa chás nach bhfuarthas aon fhreasúra.	100%
8	Freagra a thabhairt ar chomhfhreagras ar iarratais indibhidiúla (agóidí, aisghairm, neamhbhailíocht) laistigh de 5 seachtaine.	100%	17	Sa chás go gcinntear an freasúra i bhfabhar an iarratasóra, iarratas ar íocaíocht táillí clárúcháin a eisiúint laistigh de 7 lá oibre ó tharraingt siar an fhreasúra a fhoilsiú	98%
9	Iarratais ar clárúcháin trádmharc idirnáisiúnta a tharchur laistigh de 5 lá oibre tar éis na n-iarratas atá comhlánaithe i gceart	100%			

Ilchineálach

	Admhálacha íocaíochta a eisiúint laistigh de 2 lá oibre ar gach táille (i bhfoirm seice, dréacht bainc nó órdú airgid) a fuarthas.	100%
--	--	------